NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Dréacht: Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta

## I gcomhair comhairliúcháin

Feabhra 2026

# An Clár Ábhar


An tsraith shinsearach ... 3

Réasúnaíocht ... 4

Aidhmeanna ... 5

Leanúnachas agus dul chun cinn ... 6

- An tSraith Shóisearach ... 6
- I ndiaidh na sraithe sinsearaí ... 7
- Foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach ... 7

Príomhinniúlachtaí ... 9

Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama ... 13

- Snáithe Aontaitheach: Smaointeoireacht agus Cleachtas na hEacnamaíochta Baile ... 16
- Snáithe 1: Bia, Cothú agus Scileanna Praiticiúla Bia ... 19
- Snáithe 2: Bainistíocht Acmhainní Teaghlaigh ... 28
- Snáithe 3: An Teaghlach sa tSochaí ... 33

Teagasc le haghaidh fhoghlaim na scoláirí ... 38

Measúnú ... 41

Measúnú don teistiúchán ... 41

Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis: An Tasc Tuisceana ar Bhia agus Cleachtais Fheidhmigh ... 42

- Tuairisceoirí cáilíochta don chomhpháirt mheasúnaithe sa bhreis ... 44

Scrúdú scríofa ... 46

Socruithe réasúnta ... 46

- Grádú na hArdteistiméireachta ... 47

Aguisíní ... 49

- Aguisín 1: Briathra Gnímh ... 49
- Aguisín 2: Gluais Phríomhthéarmaí na hEacnamaíochta Baile ... 50

## An tsraith shinsearach

Tá sé mar aidhm ag an tsraith shinsearach leanúint le hoideachas iomlánaíoch a chur ar an duine agus cur le rath an duine. Cuireann eispéiris na scoláirí le linn na sraithe sinsearaí lena bhforbairt intleachtach, shóisialta agus phearsanta mar aon lena sláinte agus a bhfolláine ar bhonn ginearálta. Baineann ocht dtreoirphrionsabal leis an tsraith shinsearach.

**Treoirphrionsabail na Sraithe Sinsearaí**

| | |
|---|---|
| Folláine agus caidrimh | Rogha agus solúbthacht |
| Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht | Leanúnachas agus aistrithe |
| Dúshlán, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht | Rannpháirtíocht agus saoránacht |
| Foghlaim le foghlaim, foghlaim don saol | Timpeallachtaí foghlama agus comhpháirtíochtaí |

Is slat tomhais iad na prionsabail seo do scoileanna agus do shuíomhanna oideachais eile agus a sraith shinsearach á dearadh acu. Cuimsítear leis an tsraith shinsearach, Idirbhliain roghnach agus cúrsa dhá bhliain ina diaidh, a bhfuil ábhair agus modúil mar chuid de. Tarlaíonn an fhoghlaim i scoileanna, pobail, suíomhanna oideachasúla agus suíomhanna eile lena n-aithnítear neamhspleáchas méadaitheach na scoláirí, ag tógáil ar an tsraith shóisearach. Bunaítear caidrimh le múinteoirí ar bhonn níos aibí agus glacann scoláirí níos mó freagrachta orthu féin as a gcuid foghlama féin.

Sa tsraith shinsearach, cuirtear curaclam ar fáil ina mbíonn dúshlán do na scoláirí an leibhéal is airde de ghnóthachtáil oideachasúil a bheith mar sprioc acu, i gcomhréir lena mianach agus a gcumas féin. I gcaitheamh na sraithe sinsearaí, bíonn deiseanna ag na scoláirí dul i ngleic le dúshláin shóisialta, chomhshaoil, eacnamaíocha agus teicneolaíochta, agus chun feabhas a chur ar a dtuiscint ar chearta an duine, ar cheartas sóisialta, ar chothroime, ar éagsúlacht agus ar inbhuanaitheacht. Tugtar tacaíocht do na scoláirí chun roghanna bunaithe ar eolas a dhéanamh agus conairí éagsúla tríd an tsraith shinsearach á roghnú acu agus bíonn deiseanna ag gach scoláire lúcháir agus sásamh a bhaint as clocha míle móra a bhaint amach ina gcuid oideachais. Ba cheart go gcuirfeadh an tsraith shinsearach bonn láidir faoin aistriú go dtí an breisoideachas, an t-oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus rannpháirtíocht bhríoch sa tsochaí, sa gheilleagar agus sa saol aosach.

Ba cheart go bhfreastalódh an t-eispéireas oideachasúil sa tsraith shinsearach ar gach aon scoláire, go bhfreagródh sé dá gcuid láidreachtaí agus riachtanas foghlama, agus go mbeadh meas agus urraim ann don éagsúlacht agus go ndéanfaí sin a cheiliúradh. Bíonn éagsúlachtaí

ann i measc scoláirí ó thaobh cúlra teaghlaigh agus cultúir de agus i dtaca le teangacha, aois, stádas eitneach, creideamh, inscne, agus féiniúlacht ghnéis agus maidir lena láidreachtaí, riachtanais, spéiseanna, mianach agus réamheolas, scileanna, luachanna agus meonta. Ba cheart go ndéanfaí féiniúlacht gach aon scoláire a cheiliúradh, go léireofaí meas uirthi agus go bhfreagrófaí di le linn don scoláire a bheith ag dul tríd an tsraith shinsearach.

Ar leibhéal praiticiúil, tacaítear leis an tsraith shinsearach le forbairt ghairmiúil bhreisithe; le rannpháirtíocht múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí, ceannairí scoile agus páirtithe leasmhara eile; acmhainní; taighde; cumarsáid shoiléir; comhsheasmhacht polasaí; agus le fís chomhroinnte i dtaca lena mbítear ag iarraidh a bhaint amach dár gcuid daoine óga tríd an tsraith shinsearach, agus iad ag réiteach chun tús a chur leis an saol aosach. Cuirtear beocht inti i scoileanna agus i suíomhanna eile oideachasúla trí na nithe seo a leanas:

- pleanáil, forbairt, eagrú, machnamh agus meastóireacht éifeachtach curaclaim
- cuir chuige teagaisc agus foghlama a spreagann na scoláirí agus a ligeann dóibh feabhsú
- cultúr scoile ina léirítear meas ar na scoláirí agus ina gcuirtear grá don fhoghlaim chun cinn.

## Réasúnaíocht

Is ábhar dinimiciúil trasdisciplíneach í an Eacnamaíocht Bhaile trína dtacaítear le beatha shláintiúil, inbhuanaithe agus is fearr is féidir do dhaoine aonair, teaghlaigh agus sochaí. Aithnítear in Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta go mbíonn dúshláin agus deiseanna nua agus atá ag teacht chun cinn ag daoine aonair agus teaghlaigh de shíor, lena gcumasaítear cinnteoireacht atá cruthaitheach, muiníneach agus freagrach. Tríd an staidéar a dhéanann siad ar an Eacnamaíocht Bhaile, bíonn scoláirí ag tabhairt faoi fhadhbanna praiticiúla seasta go honnghníomhach, rud a chuireann ar a gcumas dul i bhfeidhm ar chaighdeán a mbeatha agus feabhas a chur uirthi. Glactar cur chuige trasdisciplíneach san Eacnamaíocht Bhaile, ag tarraingt ar thuiscint ar bhia agus sláinte, bainistíocht acmhainní, teicstílí agus staidéar teaghlaigh chun aghaidh a thabhairt ar dheiseanna agus dúshláin choitianta. I saol síor-athraitheach na linne seo, bíonn éilimh ar dhaoine aonair, teaghlaigh agus an tsochaí i gcoitinne i réimsí ar nós na sláinte, na hinbhuanaitheachta, an tomhaltais, na hathléimneachta airgeadais agus na rannpháirtíochta sa tsochaí. Tugtar eolas, scileanna, luachanna agus meonta do scoláirí leis an ábhar seo chun freagairt do na deiseanna agus na dúshláin úd trí ghníomhú praiticiúil agus cuir chuige éifeachtacha réitigh fadhbanna, rud a

chuireann ar a gcumas rannpháirtíocht ghníomhach fhreagrach a ghlacadh i saol teaghlaigh agus sóisialta.

Tá tacaíocht le fáil san ábhar seo freisin do scoláirí chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a múnlaítear cinntí coitianta le tionchair níos leithne na sochaí, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí, tacaíochtaí poiblí agus córais shóisialta. Is trí mhúnlú na nasc sin a fhoghlaimíonn scoláirí faoin gcaoi a dtéann comhthéacsanna sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíocha i bhfeidhm ar chinntí daoine aonair, teaghlaigh agus lín tí; agus faoin gcaoi a dtéann na roghanna sin i bhfeidhm ar a seal féin ar an tsochaí i gcoitinne. Ar an mbealach sin, cothaíonn an Eacnamaíocht Bhaile rannpháirtíocht fheasach sa tsochaí, agus tugtar an cumas do scoláirí chun dul i ngleic ar bhealach criticiúil le deiseanna agus dúshláin a théann i bhfeidhm ar chaighdeán na beatha do dhaoine aonair, teaghlaigh agus an tsochaí.

Spreagtar gníomhú praiticiúil ar fud an chúrsa in Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta, agus tacaítear le scoláirí a gcuid taithí féin a nascadh le ceisteanna níos coitianta sa tsochaí. Tá cabhair le fáil san ábhar freisin do scoláirí chun muinín a fhorbairt agus inniúlacht a chothú chun cinntí machnamhacha inbhuanaithe a dhéanamh agus deiseanna agus dúshláin an tsaoil os a gcomhair. Tríd an gcur chuige comhtháite ina dtéitear i ngleic leis an tuiscint theoiriciúil trí ghníomhaíochtaí ar nós cócarála agus dinimic teaghlaigh a fhiosrú, forbraíonn scoláirí athléimneacht, leathnaíonn siad feasacht ar chultúir, agus gnóthaíonn siad foghlaim phraiticiúil bhunúsach don ghnáthshaol.

## Aidhmeanna

Is é is aidhm d'Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a thabhairt do scoláirí is gá chun beatha shláintiúil, inbhuanaithe agus is fearr is féidir a bhaint amach. Tá sé d'aidhm shonrach ag an ábhar an méid a leanas a dhéanamh:

- tuiscint ar bhia agus sláinte a fhorbairt trí chur ar chumas scoláirí roghanna feasacha bia a dhéanamh, ardscileanna praiticiúla bia a léiriú ar bhealach muiníneach, inniúil agus ildánach, agus cleachtais a ghlacadh lena gcuirtear chun cinn caighdeán na beatha do dhaoine aonair, teaghlaigh agus an tsochaí.
- bainistíocht acmhainní agus iompraíocht tomhaltóirí atá inbhuanaithe agus freagrach a chothú, agus léirthuiscint a fhorbairt don chaoi a dtéann cinntí coitianta i bhfeidhm ar inbhuanaitheacht sa bhaile agus sa tsochaí i gcoitinne.

- inniúlacht scoláirí a fhorbairt chun freagairt go héifeachtach d'fhadhbanna praiticiúla seasta trí chuir chuige réitigh struchtúrtha fadhbanna ina dtugtar spreagadh don ildánacht agus a chuirtear i ngníomh trí eispéiris foghlama phraiticiúla chomhoibríocha.
- feasacht a mhúscailt maidir leis an gcaoi a n-idirghníomhaíonn cinntí pearsanta, teaghlaigh agus lín tí le comhthéacsanna níos leithne sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíocha; agus maidir leis an gcaoi a dtéann na roghanna sin i bhfeidhm ar a seal féin ar an tsochaí i gcoitinne.
- cumas gníomhúcháin pearsanta scoláirí a fhorbairt chun tacú leis an bhfoghlaim fadsaoil, gníomhú agus rannpháirtíocht thairbheach sa ghnáthshaol agus sa tsochaí, agus le deiseanna amach anseo.

## Leanúnachas agus dul chun cinn

Tá leanúnachas agus dul chun cinn le sonrú in Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta ón luath-óige go dtí an tSraith Shóisearach. Tacaíonn sí leis an bhfoghlaim, agus cuirtear deiseanna ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo gníomhú atá níos casta, níos comhthéacsúla agus níos feidhmí i gcoincheapa agus cleachtais na hEacnamaíochta Baile.

### An tSraith Shóisearach

Is in Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí a leagtar an bhunchloch don staidéar breise trí thrí shraith chomhthéacsúla idirnasctha a chur os comhair scoláirí: *Bia, Sláinte agus Scileanna Cistineacha; Saol Teaghlaigh Freagrach;* agus *Teicstílí agus Ceardaíocht*. Trí mheán na comharfhoghlama agus na foghlama gníomhaí, forbraíonn scoláirí scileanna sa tuiscint ar bhia, cinnteoireacht tomhaltóirí, teicstílí agus bainistíocht fhreagrach acmhainní.

Ceapadh Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí timpeall ar eispéiris in ábhar atá praiticiúil feidhmeach. Trí eispéiris phraiticiúla, forbraíonn scoláirí scileanna in ullmhú bia, pleanáil, sábháilteacht agus teicstílí, agus tugtar tacaíocht dóibh chun a bhfoghlaim a nascadh le smaointe níos leithne amhail inbhuanaitheacht agus úsáid fhreagrach acmhainní. Is tacú iad na cuir chuige i leith an mheasúnaithe d'fhoghlaim phraiticiúil scoláirí sa mhéid go ndéanann siad measúnuithe seomra ranga ar theicstílí cruthaitheacha agus scileanna i dtuiscint ar bhia, agus scrúdú praiticiúil ar scileanna bia. Is tacú é an bonn praiticiúil sin don leanúnachas agus dul chun cinn isteach san Ardteistiméireacht, ina gcuireann scoláirí leis na scileanna bunaithe sin trí chur i bhfeidhm níos airde agus níos comhtháite ar eolas, scileanna, luachanna agus meonta na hEacnamaíochta Baile.

Is comhlánú breise don fhoghlaim sa tSraith Shóisearach iad ábhair eile amhail Staidéar Gnó, Eolaíocht, OSSP agus OSPS, a rannchuireann le tuiscint níos leithne scoláirí ar réimsí amhail inbhuanaitheacht, fadhbanna sóisialta, fiontraíocht agus caighdeán na beatha.

## I ndiaidh na sraithe sinsearaí

Tugann Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta bonn láidir do scoláirí chun dul chun cinn go dtí an breisoideachas, oideachas do dhaoine fásta agus ardoideachas, oiliúint agus fostaíocht. Trí mheán an ábhair cothaítear eolas, scileanna, luachanna agus meonta atá inaistrithe agus ábhartha do réimsí amhail cothú, sláinte agus cúram sóisialta, eolaíocht tomhaltais, córais bhia, teicstílí, inbhuanaitheacht, agus oideachas.

Tacaíonn cineál feidhmeach agus trasdisciplíneach na hEacnamaíochta Baile le scoláirí chun comhthéacsanna casta sóisialta agus comhshaoil a ionramháil. Forbraíonn scoláirí an inniúlacht don fhoghlaim fadsaoil trí ghníomhú le fadhbanna praiticiúla seasta trí imscrúdú, machnamh criticiúil agus réiteach cruthaitheach fadhbanna.

Cuidíonn sonraíocht Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta le scoláirí an cumas a fhorbairt le cinntí eolasacha a dhéanamh, rannpháirt a ghlacadh i saol pobail, agus acmhainní a bhainistiú ar bhealach cliste. Ina theannta sin, tugann sé foghlaim thábhachtach dóibh atá in ann cuidiú chun pobail níos córa, níos cuimsithí, agus níos inbhuanaithe a chruthú go háitiúil agus go domhanda.

## Foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach

Cuimsítear le foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach gach rud a fhoghlaimíonn na scoláirí laistigh de na hábhair agus na modúil a nglacann siad páirt iontu agus gach rud a fhoghlaimíonn na scoláirí ag a bhfuil baint lena n-eispéiris sraithe sinsearaí ar fad. Is é an phríomhaidhm anseo ná go mbeidh gach scoláire níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla mar dhuine ag deireadh na sraithe sinsearaí ná mar a bhí siad sular thosaigh siad an tsraith shinsearach.

Ar mhaithe le soiléireacht, tugtar breac-chuntas faoin teideal 'príomhinniúlachtaí' ar an bhfoghlaim a bhaineann lena n-eispéiris ar fad sa tsraith shinsearach. Leagtar amach an fhoghlaim a tharlaíonn laistigh den ábhar nó den mhodúl i gceist faoin teideal 'snáitheanna agus torthaí foghlama'. Ach, tá sé ríthábhachtach a aithint go bhforbraítear príomhinniúlachtaí agus foghlaim ábhair nó mhodúil go comhtháite. Tá na príomhinniúlachtaí comhtháite ar fud na réasúnaíochta, na n-aidhmeanna, na dtorthaí foghlama agus ar fud ranna measúnaithe na sonraíochtaí. Go praiticiúil, is iad na scoláirí a fhorbraíonn príomhinniúlachtaí ar scoil trí na


hoideolaíochtaí a úsáideann múinteoirí, agus an timpeallacht a fhorbraíonn siad ina seomraí ranga agus laistigh dá scoil. D'fhéadfadh na hábhair a bheith cabhrach do scoláirí a bpríomhinniúlachtaí a fhorbairt; agus is féidir leis na príomhinniúlachtaí foghlaim ábhair níos doimhne a fheabhsú agus a éascú. Nuair a tharlaíonn an comhtháthú seo, bainfidh na scoláirí tairbhe as:

- le linn agus i gcaitheamh na sraithe sinsearaí
- le linn dóibh aistriú chuig gnéithe éagsúla i mbreisoideachas, oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus
- ina saol mar dhaoine fásta le linn dóibh caidrimh a bhunú agus a chothú le réimse leathan daoine ina saol agus páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí.

Nuair a dhéanann múinteoirí agus scoláirí naisc idir na modhanna múinteoireachta a fheiceann scoláirí, na hinniúlachtaí atá á bhforbairt acu, agus na bealaí inar féidir leis na hinniúlachtaí sin a bhfoghlaim shonrach in ábhar a dhoimhniú, éiríonn scoláirí níos feasaí ar an iliomad bealaí ina rannchuireann a n-eispéiris ar fud na sraithe sinsearaí lena bhforbairt iomlánaíoch mar dhaoine.

## Príomhinniúlachtaí

Is scáth-théarma é *Príomhinniúlachtaí* ina ndéantar tagairt don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn na scoláirí ar bhealach imeasctha le linn na sraithe sinsearaí.




*Fíor 1 Comhpháirteanna na bpríomhinniúlachtaí agus an tionchar a mhianaítear leo*

Tugtar breac-chuntas ar an eolas a bhaineann go sonrach leis an ábhar seo thíos faoin teideal 'snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama'. Comhtháthaítear an t-eolas eipistéimeach ar fud na n-ábhar agus na modúl sna príomhinniúlachtaí.



*Fíor 2 Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach, lena dtacaíonn litearthachtaí agus uimhearthacht.*

Tá na hinniúlachtaí seo idirnasctha agus is féidir iad a thabhairt le chéile; tá siad in ann foghlaim iomlán na scoláirí a fheabhsú;

tá siad in ann cabhrú leis na scoláirí agus leis na múinteoirí naisc bhríocha a dhéanamh idir agus thar

réimsí foghlama difriúla; agus tá tábhacht ag baint leo ar fud an churaclaim.

Cuireann forbairt litearthachtaí agus uimhearthacht na scoláirí le forbairt na n-inniúlachtaí agus an bealach eile thart. Tacaítear leis na príomhinniúlachtaí nuair a dhéantar litearthacht agus uimhearthacht na scoláirí a fhorbairt go maith agus nuair is féidir leo dea-úsáid a bhaint as uirlisí éagsúla, teicneolaíochtaí ina measc, chun tacú lena gcuid foghlama.

Cuirtear beocht sna príomhinniúlachtaí trí na heispéiris foghlama agus na hoideolaíochtaí a roghnaíonn múinteoirí agus trí fhreagairtí na scoláirí orthu. Is féidir agus ba cheart go gcabhrófaí leis na scoláirí a gcuid príomhinniúlachtaí a fhorbairt, beag beann ar a gcúlra, ar a gcuid cúinsí nó ar a gcuid eispéireas, faoi láthair nó roimhe seo, agus ba cheart go mbeadh neart deiseanna acu a bpríomhinniúlachtaí a léiriú. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na príomhinniúlachtaí ar fáil ar https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach/athfhorbairt-na-sraithe-sinsearai/priomhinniulachtai-an-scolaire/

Mar chuid den Eacnamaíocht Bhaile, is féidir tacú le gach scoláire chun a gcuid príomhinniúlachtaí a fheabhsú, agus deiseanna suntasacha ann le máistreacht a fháil ar na príomhinniúlachtaí a leanas: *Smaointeoireacht agus fadhbanna a réiteach, A bheith cruthaitheach, Folláine a Chothú, agus Rannpháirtíocht sa tsochaí.* Is féidir na hinniúlachtaí sin a shaothrú trí chur chuige trasdisciplíneach an ábhair, béim ar eispéiris phraiticiúla, agus díriú ar fhoghlaim mhachnamhach fheidhmeach.

Forbraítear litearthacht agus uimhearthacht scoláirí i gcomhthéacsanna feidhmeacha coitianta leis an Eacnamaíocht Bhaile. Trí fhaisnéis a léirmhíniú, meastóireacht a dhéanamh ar fhoinsí agus tomhas, sonraí agus costáil a úsáid i gcúraimí praiticiúla, treisíonn scoláirí na scileanna is gá chun cinntí eolasacha a fhoghlaim, a chur in iúl agus a dhéanamh.

**Smaointeoireacht agus Réiteach Fadhbanna**

Bíonn anailís ar chásanna coitianta, meastóireacht a dhéanamh ar fhianaise agus machnamh ar ghníomhartha malartacha i gceist leis an Eacnamaíocht Bhaile. Tarraingíonn scoláirí ar

réiteach struchtúrtha fadhbanna, agus is féidir tacú leo chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn tosca sochaíocha, cultúrtha, eacnamaíocha agus comhshaoil. Úsáideann siad imscrúdú, smaointeoireacht chriticiúil agus mhachnamhach chun faisnéis a léirmhíniú, roghanna a mheas agus údar a thabhairt do chinntí trí réasúnaíocht shoiléir. Trí mheán an chur chuige sin, forbraíonn scoláirí breithiúnas stuama, feasacht agus muinín inbhuanaithe fhreagrach chun a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm ar chomhthéacsanna atá aitheanta agus aduain araon, chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna praiticiúla seasta agus tacú le caighdeán na beatha.

**A Bheith Cruthaitheach**

Léirítear an chruthaitheacht san Eacnamaíocht Bhaile trí bhia, éadaí, teicstílí agus cleachtais tís a dhearadh, a ullmhú agus a oiriúnú. Gineann scoláirí bunsmaointe, triaileann siad modhanna nuálacha agus baineann siad athearraíocht as ábhair mar fhreagairt do cheisteanna inbhuanaitheachta, costais agus stíle maireachtála. Foghlaimíonn siad go síneann an chruthaitheacht thar an léiriú aeistéitiúil; is bealach freisin í chun fadhbanna a réiteach, acmhainneacht a chothú agus inoiriúnaitheacht a fhorbairt. Trí mheán na foghlama feidhmí, forbraíonn scoláirí straitéisí, nósanna intinne agus meonta lena gcothaítear cruthaitheacht, ar féidir leo cuidiú leo chun muinín a fhorbairt a smaointeoireacht chruthaitheach a chur i bhfeidhm ar chomhthéacsanna coitianta.

**Folláine a Chothú**

Tacaíonn an Eacnamaíocht Bhaile le scoláirí ar bhealach gníomhach chun a gcuid folláine féin agus folláine daoine eile a chothú. Tríd an ngníomhú criticiúil machnamhach, taiscéalann scoláirí róil agus freagrachtaí teaghlaigh, éagsúlacht na struchtúr teaghlaigh agus na gcleachtas cúraim, agus déanann siad measúnú ar an gcaoi a bhfuil tacaíochtaí reachtúla agus deonacha mar bhonn taca faoin saol teaghlaigh, sláinte pobail agus caighdeán foriomlán na beatha. Trí chuir chuige réitigh struchtúrtha fadhbanna forbraíonn scoláirí an mhuinín chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna praiticiúla seasta i ndáil le gnáthshaol an teaghlaigh agus lín tí, chun athléimneacht agus acmhainneacht a fhorbairt chun dul i ngleic agus freagairt do na dúshláin a d’fhéadfaidís a fheiceáil amach anseo.


**Rannpháirtíocht sa tSochaí**

Tugann an Eacnamaíocht Bhaile an chumhacht do scoláirí eolas a chur ar chúrsaí, agus forbairt ina rannpháirtithe gníomhacha chun todhchaí níos córa, níos cothroime agus níos inbhuanaithe a bhaint amach. Toisc go nascann siad cinntí pearsanta agus lín tí le seirbhísí

poiblí agus spriocanna na hinbhuanaitheachta domhanda, déanann siad machnamh ar a gcuid luachanna agus cuireann siad an fhoghlaim i bhfeidhm ar chomhthéacsanna nua. Trí comhoibriú le daoine eile ar chúraimí praiticiúla, amhail imscrúdú pobail agus fiosruithe a bhaineann le seirbhísí, forbraíonn siad ionbhá, tionscnamh agus comhfhreagracht as rannchuidiú le saol teaghlaigh agus pobail.

## Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama

Ceapadh an tsonraíocht seo d'Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta le haghaidh 180 uair an chloig ar a laghad d'am teagmhála sa seomra ranga.




*Fíor 3 Forbhreathnú ar Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta*

Leagtar amach an fhoghlaim i *Snáithe Aontach: Smaointeoireacht agus Cleachtas na hEacnamaíochta Baile*, agus sna trí shnáithe chomhthéacsúla idirghaolta a leanas: *Bia, Cothú agus Scileanna Praiticiúla Bia, Bainistíocht Acmhainní Teaghlaigh* agus *An Teaghlach sa tSochaí.* I dteannta a chéile, fiosraítear sna snáitheanna sin na hidirghníomhuithe agus idirnaisc i measc daoine aonair, teaghlach agus na sochaí laistigh de chomhthéacs an bhaile. Feidhmíonn an Snáithe Aontach mar threoir do réiteach struchtúrtha fadhbanna, foghlaim fheidhmeach agus cleachtas machnamhach, rud a chuireann ar chumas scoláirí chun eolas, scileanna, luachanna agus meonta a nascadh i ngach réimse den Eacnamaíocht Bhaile.

Ba cheart go bhféadfadh gach scoláire na torthaí foghlama a bhaint amach, ar a leibhéal mianach agus cumas féin. Le torthaí foghlama, cuirtear chun cinn cuir chuige teagaisc agus foghlama lena bhforbraítear eolas, scileanna, luachanna agus meonta scoláirí de réir a chéile, rud a chuireann ar a gcumas a gcuid príomhinniúlachtaí a chur i bhfeidhm ar chásanna difriúla de réir mar a dhéanann siad dul chun cinn. Tabharfaidh scoláirí atá ag déanamh staidéar ar an gcúrsa Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil aghaidh chriticiúil ar an Eacnamaíocht Bhaile, ach beidh

comhthéacs, faisnéis agus torthaí a eascraíonn as an ngníomhú sin difriúil ó thaobh doimhneachta agus leithid de.

*Tábla 1 Dearadh torthaí foghlama don ghnáthleibhéal agus don ardleibhéal*

| Gnáthleibhéal | Ardleibhéal |
|---|---|
| • Téann scoláirí i ngleic le heolas praiticiúil teoiriciúil, ar eolas nithiúil den chuid is mó é, trí leas a bhaint as samplaí coitianta chun muinín agus inniúlacht a fhorbairt.<br><br>• Téann scoláirí i ngleic le réimse leathan scileanna praiticiúla chun freagairt do riachtanais agus d'fhadhbanna praiticiúla seasta i gcomhthéacsanna aitheanta agus i roinnt comhthéacsanna aduaine freisin.<br><br>• Cuireann scoláirí eolas teoiriciúil i bhfeidhm i gcomhthéacsanna aitheanta, trí leas a bhaint ar bhealach éifeachtach as faisnéis chun roghanna agus cinntí a dhéanamh.<br><br>• Léiríonn scoláirí forbairt a n-inniúlachta agus faisnéis á léirmhíniú, freagraí á gcruthú ar riachtanais agus fadhbanna praiticiúla seasta, agus a saothar á chur i láthair.<br><br>• Léiríonn scoláirí an cumas chun cinntí eolasacha a dhéanamh i gcomhthéacs feidhmeanna nithiúla agus comhthéacsanna coitianta, agus feasacht ann faoi na himpleachtaí do chaighdeán na beatha le haghaidh daoine aonair, teaghlach agus na sochaí i gcoitinne. | • Téann scoláirí i ngleic le heolas praiticiúil teoiriciúil, lena n-áirítear coincheapa teoiriciúla níos airde, ar bhealach níos doimhne, agus na príomh-choincheapa á gcur i bhfeidhm ar bhealach neamhspleách inniúil anailíseach.<br><br>• Téann scoláirí i ngleic le réimse leathan ardscileanna praiticiúla chun freagairt do riachtanais agus d'fhadhbanna praiticiúla seasta, go minic i gcomhthéacsanna aduaine.<br><br>• Cuireann scoláirí eolas teoiriciúil i bhfeidhm i gcomhthéacsanna aitheanta agus aduaine, trí leas a bhaint ar bhealach éifeachtach as faisnéis chun cinntí a dhéanamh, agus údar a thabhairt dóibh, mar chuid de chur chuige réitigh struchtúrtha fadhbanna.<br><br>• Léiríonn scoláirí ardleibhéal inniúlachtaí agus faisnéis á léirmhíniú agus meastóireacht á déanamh uirthi, chun freagraí éifeachtacha a chruthú do riachtanais agus d'fhadhbanna praiticiúla seasta, agus a saothar a chur i láthair.<br><br>• Léiríonn scoláirí breithiúnas eolasach trí ghníomhú criticiúil le fianaise agus peirspictíochtaí, agus meastóireacht á déanamh ar fhreagraí malartacha agus na himpleachtaí a bhaineann leo do chaighdeán na beatha le haghaidh daoine aonair, teaghlach agus sochaí. |

Tugtar achoimre ghairid ar gach snáithe thíos, agus tábla ina ndiaidh. Sa cholún ar dheis, tá torthaí foghlama a dhéanann cur síos ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart a bheith ar chumas na scoláirí i ndiaidh tréimhse foghlama. Sa cholún ar chlé, déantar cur síos ar réimsí ar leith faoina bhfoghlaimíonn na scoláirí. I dteannta a chéile, cuirfidh siad seo soiléireacht agus comhleanúnachas leis na codanna eile den tsonraíocht ar fáil.

## Snáithe Aontaitheach: Smaointeoireacht agus Cleachtas na hEacnamaíochta Baile

### Forléargas

Dírítear sa snáithe seo ar fhoghlaim scoláirí ar bhunsmaointeoireacht agus bunchleachtais na hEacnamaíochta Baile, agus béim á leagan ar thábhacht na tuisceana agus ar chaighdeán na beatha a fheabhsú i gcomhthéacsanna coitianta. Foghlaimíonn scoláirí chun fadhbanna praiticiúla seasta a aithint agus dul i ngleic leo, agus chun freagraí tuisceanacha a chruthú, trí chur chuige réitigh struchtúrtha fadhbanna. Tríd an bpróiseas sin, foghlaimíonn scoláirí chun a gcuid freagraí a leasú, agus an fhoghlaim is gá a fhorbairt chun tacú le roghanna freagracha do dhaoine aonair, teaghlaigh, agus don tsochaí, chun inniúlacht fadsaoil agus rannpháirtíocht dhearfach a chothú sa phobal.
Déantar an fhoghlaim sa snáithe aontach seo a fhorbairt ar fud na sonraíochta trí ghníomhú leis na torthaí foghlama sna snáitheanna comhthéacsúla.

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí: |
| --- | --- |
| **Léirthuiscint a bheith acu do Smaointeoireachta na hEacnamaíochta Baile**<br>• Na gnéithe difriúla de chaighdeán na beatha, amhail: sláinte coirp, folláine mhothúchánach agus mheabhrach, rochtain ar acmhainní, caidrimh thairbheacha, sásamh pearsanta, dálaí sábháilte beatha, deiseanna don rannpháirtíocht sa tsochaí.<br>• coincheap agus gnéithe idirnasctha chaighdeán na beatha, agus an chaoi a dtéann an duine aonair, teaghlach agus pobal i ngleic leo agus a léirmhínítear iad sa saol laethúil<br>• an chaoi a múnlaíonn peirspictíochtaí ar chaighdeán na beatha, lena n-áirítear eispéireas beatha agus láithreoireachtaí meán, múnlú na tuisceana agus an chinnteoireacht san Eacnamaíocht Bhaile | U1. léirthuiscint a bheith acu ar an gcaoi a dtacaíonn an Eacnamaíocht Bhaile le cinnteoireacht agus caighdeán na beatha do dhaoine aonair, teaghlaigh agus don tsochaí<br><br>U2. meastóireacht a dhéanamh ar argóintí meánbhunaithe i ndáil le gnéithe de chaighdeán na beatha |

| | |
|---|---|
| • an fáth a bhfuil coincheap chaighdeán na beatha i gcroílár smaointeoireacht agus chleachtas na hEacnamaíochta Baile | |
| **Réiteach Struchtúrtha Fadhbanna san Eacnamaíocht Bhaile** | |
| • na fadhbanna praiticiúla seasta atá ann agus an fáth a bhfuil siad i gcroílár na hEacnamaíochta Baile<br>• an chaoi a leanann na fadhbanna sin ar aghaidh agus a n-athraíonn siad ar fud comhthéacsanna agus glúnta<br>• an chaoi chun leas a bhaint as catagóirí, táblaí, graif agus sonraí trí chéile, chun tuiscint ar riachtanais agus fadhbanna praiticiúla seasta a dhoimhniú | U3. fadhbanna praiticiúla seasta a aithint a bhaineann le daoine aonair, teaghlaigh agus an tsochaí |
| • faisnéis a roghnú agus a léirmhíniú ó réimse foinsí chun cinntí a mhúnlú, i bhfianaise ábharthachta agus iontaofachta<br>• faisnéis a thaifeadadh le modhanna iomchuí | U4. taighde a dhéanamh agus faisnéis a bhailiú ó réimse foinsí, meastóireacht a dhéanamh ar iontaofacht, cruinneas, inchreidteacht agus ábharthacht |
| • cuspóirí soiléire a shocrú agus údar a thabhairt le cinntí a dhéantar le freagraí a mhúnlú<br>• na hacmhainní agus na céimeanna a eagrú chun freagairt a chur i ngníomh | U5. torthaí a shintéisiú chun forbairt freagraí i gcomhthéacsanna na hEacnamaíochta Baile a mhúnlú |
| • scileanna praiticiúla na hEacnamaíochta Baile a chur i bhfeidhm chun freagraí a chur i gcrích agus a chruthú | U6. freagairtí ar riachtanais nó fadhbanna praiticiúla seasta a phleanáil agus a chruthú |

| | |
|---|---|
| • faisnéis a bhailiú faoi chinntí a dhéantar agus gníomhartha a ghlactar<br>• láidreachtaí agus srianta na gcinntí a rinneadh a shainaithint<br>• dearcthaí difriúla a mheas agus claontaí pearsanta nó seachtracha á n-aithint<br>• athruithe nó leasuithe sonracha a shainaithint lena bhféadfaí cleachtas nó freagraí amach anseo a fheabhsú | U7. breithmheas a dhéanamh ar chinntí a dhéantar chun cleachtas a bheachtú agus freagairtí todhchaí a fheabhsú<br><br>U8. a dtaighde agus a bhfreagairt ar fhadhb phraiticiúil sheasta a chur i láthair, lena n-áirítear meastóireacht ar an bhfreagairt |

## Snáithe 1: Bia, Cothú agus Scileanna Praiticiúla Bia

Tacaíonn an snáithe seo le scoláirí chun bonn níos láidre a fhorbairt sa bhia, cothú agus sláinte. Forbraíonn scoláirí an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a theastaíonn chun tuiscint ar bhia agus scileanna praiticiúla bia a chur i bhfeidhm sa ghnáthshaol. Forbraíonn siad tuiscint trí rannpháirtíocht phraiticiúil de réir mar a fhiosraíonn siad eolaíocht an bhia agus a dhéanann siad imscrúdú ar na bealaí a dtéann an cothú i bhfeidhm ar an tsláinte agus ar chaighdeán na beatha i sochaí na linne seo. Cuireann scoláirí foghlaim chéadfach agus eolaíochta i bhfeidhm trí bhia a ullmhú, trí mheastóireacht agus trí chinnteoireacht fhianaise-threoraithe. Bíonn scileanna praiticiúla bia agus cinnteoireacht choitianta bia i gcroí-lár na foghlama sa snáithe seo, agus eolas cothaitheach, eolaíochta agus teicniúil á thabhairt isteach mar thaca chun an tuiscint a dhoimhniú agus an inniúlacht phraiticiúil a fheabhsú.

Ar fud an tsnáithe seo, úsáideann scoláirí cur chuige réitigh struchtúrtha fadhbanna chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna praiticiúla seasta i gcomhthéacsanna nua-aimseartha bia. Cuireann siad i bhfeidhm próisis phraiticiúla mhachnamhacha agus iad ag breithniú ar na bealaí a dtéann cinntí coitianta i dtaobh phleanáil, ullmhú agus ithe an bhia i bhfeidhm ar an tsláinte, an inbhuanaitheacht agus ar chaighdeán na beatha do dhaoine, do theaghlaigh agus don tsochaí.

### Snáithe 1: Torthaí foghlama

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí: |
|---|---|
| **Pleanáil Béile** | |
| • prionsabail na pleanála béile, lena n-áirítear;<br>- cothromaíocht chothaitheach<br>- rialú sciartha<br>- costas<br>- tarraingt chéadfach<br>- inbhuanaitheacht | 1.1 prionsabail na pleanála béilí a mhíniú |
| • ról na pleanála béilí agus an choigeartaithe oideas chun tacú le patrúin inbhuanaithe itheacháin lena gcuirfí an tsláinte chun cinn | 1.2 coigeartú oidis a léiriú |

| | |
|---|---|
| • ceisteanna a théann i bhfeidhm ar an gcaoi a gcuirtear bia i láthair, lena n-áirítear;<br>- cruthaitheacht<br>- inbhuanaitheacht<br>- oiriúnacht chultúrtha | 1.3 na prionsabail a bhaineann le cur i láthair bia, agus mar is féidir iad a chur i bhfeidhm, a fhiosrú |
| • cinntí inbhuanaithe stórála a chomhtháthú leis an gceannach, le pleanáil biachlár agus le baiscullmhúchán, lena n-áirítear; pacáistiú, córais roinnte sciartha agus rothlaithe chun caighdeán a chothú agus cur amú a sheachaint | 1.4 cleachtais stórála iomchuí a chur i bhfeidhm chun caighdeán, sábháilteacht agus inbhuanaitheacht bia a chothú<br><br>1.5 cur síos a dhéanamh ar na bealaí a dtacaíonn teicneolaíocht dhigiteach leis an bpleanáil, ullmhúchán agus meastóireacht bia |
| **Ardscileanna Praiticiúla Bia** | |
| • mar is féidir prionsabail na pleanála béilí agus an choigeartaithe oideas a léiriú | 1.6 béilí atá cothromaithe ó thaobh an chothaithe de a ullmhú |
| • ceisteanna cruthaitheachta, inbhuanaitheachta agus sábháilteachta bia agus miasa bia á gcruthú agus á gcur i láthair | 1.7 pleanáil, comhordú agus cur i láthair éifeachtach mias a léiriú le linn gníomhaíochtaí praiticiúla cócarála |
| • an chaoi le comhábhair a roghnú agus a chur le chéile chun cothromaíocht chothaitheach, éagsúlacht, tarraingt chéadfach agus torthaí a chuirfeadh an tsláinte chun cinn, a bhaint amach | 1.8 mionathrú agus ullmhú béilí, lena bhfreastalófaí ar riachtanais chothaithe speisialta, a léiriú |
| • sampla amháin ar a laghad d'ardscileanna praiticiúla bia a chur i bhfeidhm, á threorú ag gach ceann de na prionsabail eolaíochta fhisiceacha, cheimiceacha agus bhitheolaíocha | 1.9 ardscileanna praiticiúla bia a úsáid in ullmhú, cócaráil agus cur i láthair éagsúlacht de mhiasa, á dtreorú ag gach ceann de na prionsabail eolaíochta fhisiciúla. |

| | |
|---|---|
| • mar a threoraíonn airíonna fisiceacha, ceimiceacha agus bitheolaíocha bia an chinnteoireacht le linn an ullmhúcháin, na cócarála agus an choigeartaithe chun na huigeachtaí, blasanna agus an cur i láthair inmhianaithe a bhaint amach | 1.10 ardscileanna praiticiúla bia a úsáid in ullmhú, cócaráil agus cur i láthair éagsúlacht de mhiasa, á dtreorú ag gach ceann de na prionsabail eolaíochta cheimiceacha.<br><br>1.11 ardscileanna praiticiúla bia a úsáid in ullmhú, cócaráil agus cur i láthair éagsúlacht de mhiasa, á dtreorú ag gach ceann de na prionsabail eolaíochta bhitheolaíocha.<br><br>1.12 uirlisí digiteacha agus sainteicneolaíochtaí cistine a úsáid san ullmhúchán, sa chócaráil agus sa phleanáil béilí |
| **Cothú**<br><br>• macrachothaithigh: próitéin, carbaihiodráití agus lipidí<br>• micreachothaithigh:<br>- vitimíní: A, B-ghrúpa (B9 fóláit/aigéad fólach, B12 cóbalaimín), C, D, E agus K<br>- mianraí: iarann, cailciam, sóidiam, potaisiam agus fosfar<br>• céimeanna den tsaolré, lena n-áirítear;<br>- roimh an nginiúint, toircheas agus cothú naíonán (0–2 bhliain)<br>- aois an pháiste (3–10 mbliana)<br>- ógántacht (10–19 mbliana)<br>- aosacht (18+ mbliana)<br>- aois níos sine (65+ bliain) | 1.13 cur síos a dhéanamh ar fheidhmeanna, foinsí, airíonna, idirghníomhaíochtaí agus feidhmeanna comhlántacha macrachothaitheach agus micreachothaitheach thar chéimeanna na saolré |
| • ról na macrachothaitheach agus na micreachothaitheach maidir le bheith ag tacú leis an tsláinte fhisiciúil, chognaíoch agus mhothúchánach | 1.14 anailís a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann cothaithigh leis an tsláinte agus le caighdeán na beatha do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus don tsochaí |

| | |
|---|---|
| • siomptóim agus riochtaí a bhaineann le huireasa agus le farasbarr cothaitheach<br>• cothromaíocht agus measrú cothaithe thar chéimeanna na saolré | 1.15 plé a dhéanamh ar éifeachtaí uireasa agus farasbarr cothaitheach ar an tsláinte agus ar chaighdeán na beatha do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus don tsochaí |
| **Faisnéis Chothaitheach a Léirmhíniú** | |
| • foinsí d'fhaisnéis chothaithe, lena n-áirítear treoirlínte cothaithe bia-bhunaithe, lipéadú bia agus uirlisí digiteacha chun béilí a phleanáil agus a ullmhú | 1.16 breac-chuntas a thabhairt ar fhoinsí d'fhaisnéis chothaithe |
| • critéir le haghaidh meastóireachta;<br>- inchreidteacht agus iontaofacht na foinse<br>- trédhearcacht<br>- cruinneas<br>- úsáid an taighde eolaíoch | 1.17 meastóireacht a dhéanamh ar fhoinsí éagsúla d'fhaisnéis chothaithe |
| | 1.18 plé a dhéanamh ar na bealaí ar féidir faisnéis chothaithe a léirmhíniú agus a úsáid chun tacú le roghanna bia níos sláintiúla, pleanáil béilí agus coigeartú oideas sa ghnáthshaol |
| • aidhmeanna agus príomhtheachtaireachtaí threoirlínte cothaithe bia-bhunaithe na hÉireann<br>• mar a chuireann treoirlínte cothaithe bia-bhunaithe na hÉireann patrúin chothromaithe itheacháin chun cinn agus mar a thacaíonn siad le chaighdeán na beatha i rith chéimeanna na saolré | 1.19 cuspóir agus raon threoirlínte cothaithe bia-bhunaithe reatha na hÉireann a mhíniú |
| • mar a úsáidtear na treoirlínte chun tacú le roghanna eolasacha bia;<br>- sa bhaile<br>- i scoileanna<br>- i suíomhanna cothaithe sláinte agus pobail | 1.20 treoirlínte cothaithe bia-bhunaithe reatha na hÉireann a chur i bhfeidhm chun tacú le roghanna bia eolasacha cothroma i gcomhthéacsanna coitianta |

| Roghanna Bia agus Riachtanais Speisialta | | |
|---|---|---|
| • tosca, lena n-áirítear;<br>- tosca pearsanta<br>- tosca eacnamaíocha<br>- tosca sóisialta<br>- tosca cultúrtha<br>- céimeanna den tsaolré | 1.21 | na tosca a mbíonn tionchar acu ar roghanna bia, agus a n-impleachtaí don tsláinte, a phlé |
| • mar a idirghníomhaíonn na tosca seo chun tionchar a imirt ar na bianna a bhíonn ar fáil, a mbíonn roghnachas ann ina leith nó a dtugtar tús áite dóibh i gcomhthéacsanna coitianta teaghlaigh | | |
| • mar a théann riachtanais, roghnachas agus cúinsí athraitheacha i bhfeidhm ar iompraíocht bia thar chéimeanna na saolré | 1.22 | comparáid a dhéanamh idir éagsúlachtaí ó thaobh roghanna bia de thar chéimeanna na saolré |
| • tinnis a bhfuil baint acu le haiste bia, lena n-áirítear<br>- ainéime<br>- galar cardashoithíoch<br>- itheachán neamhordúil<br>- iontógáil snáithín íseal (as a n-eascródh iatacht, díbhéartaclóis, srl.)<br>- murtall<br>- oistéapóróis<br>- diaibéiteas chineál 2<br>• riachtanais chothaithe speisialta;<br>- ceisteanna míochaine<br>- ceisteanna neamh-mhíochaine | 1.23 | plé a dhéanamh ar thosca riosca cothaithe agus stíle maireachtála agus a dtionchar ar shláinte agus ar chaighdeán na beatha do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus don tsochaí |

| | |
|---|---|
| **Eolaíocht an Bhia sa Chócaireacht** | |
| • prionsabail eolaíochta atá mar bhonn faoin ullmhúchán bia agus faoin gcócaireacht, lena n-áirítear;<br>Prionsabail Fhisiceacha:<br>- aerú<br>- criostalú<br>- eiblitheoireacht<br>- foirmiú cúir<br>- forbairt glútain<br>- giorrú<br><br>Prionsabail Cheimiceacha:<br>- caramalú<br>- dínádúrú; téachtadh agus maothú<br>- deistriniú<br>- geilitíniú<br>- Imoibriú Maillard<br><br>Prionsabail Bhitheolaíocha:<br>- donnú einsímeach<br>- coipeadh agus úsáid saothrúchán<br>- gníomhaíocht giosta | 1.24 prionsabail eolaíochta a théann i bhfeidhm ar ullmhúchán agus cócaráil bia a mhíniú |
| • critéir a úsáid chun torthaí a mheas, lena n-áirítear;<br>- uigeacht,<br>- blas,<br>- cuma agus<br>- cion cothaitheach<br><br>• modhanna agus torthaí cócarála a chur i gcomparáid nuair a bhíonn bianna comhchosúla á n-ullmhú ach teicnící difriúla in úsáid | 1.25 an chaoi a dtéann airíonna eolaíocha i bhfeidhm ar phróisis chócarála a mheas |
| **Leasú Bia: Prionsabail agus Cleachtas** | |
| • cúiseanna bitheolaíochta, ceimiceacha agus fisiceacha leis an milleadh bia<br>• cúinsí faoina gcuirtear chun cinn nó faoina gcuirtear bac ar fhás miocróbach agus gníomhaíocht einsímí | 1.26 breac-chuntas a thabhairt ar chúiseanna an mhillte agus an éillithe bia agus bealaí lena gcosc |

| | |
|---|---|
| • prionsabail an leasaithe bia, lena n-áirítear;<br>- fás miocróbach<br>- gníomhaíocht einsímeach<br>- dálaí timpeallachta<br>• tosca a théann i bhfeidhm ar éifeachtacht modhanna leasaithe, lena n-áirítear;<br>- rialú teochta<br>- pacáistiú<br>- sláintíocht<br>- dálaí stórála | 1.27 prionsabail an leasaithe bia agus na tosca a mbíonn tionchar acu air a mhíniú |
| • na hathruithe a tharlaíonn i mbianna le linn an leasaithe, lena n-áirítear athruithe maidir le;<br>- uigeacht<br>- dath<br>- blas<br>- cion cothaitheach<br>• mar a thacaíonn an leasú le sábháilteacht agus le caighdeán an bhia agus le laghdú ar dhramhaíl | 1.28 iniúchadh a dhéanamh ar na hathruithe a tharlaíonn le linn an leasaithe bia agus ar an éifeacht a bhíonn ag na hathruithe sin ar chaighdeán an bhia |
| • cur i bhfeidhm praiticiúil modha amháin leasaithe bia ó dhá chatagóir:<br>- Teas: déanamh suibhe, paistéaradh, buidéalú, cannú<br>- Fuacht: reo<br>- Ceimiceach: sailleadh, picilt, leasú ardsiúcra<br>• cleachtais shláinteacha shábháilte fhreagracha a chur i bhfeidhm | 1.29 na modhanna leasaithe bia chun sábháilteacht, caighdeán agus seilfré bia a chothú, a léiriú |
| **Anailís Chéadfach**<br>• an chuspóir atá leis an anailís chéadfach, lena n-áirítear;<br>- caighdeán an táirge a mheas<br>- roghnachas tomhaltóra a dhéanamh amach<br>- bonn eolais a chur faoin bhforbairt táirge | 1.30 an cuspóir agus na cúinsí a theastaíonn chun tástáil anailíse céadfaí a dhéanamh a mhíniú |

| | |
|---|---|
| • cineálacha agus modhanna tástála céadfaí, lena n-áirítear tástálacha roghnachais, difríochta agus tuairisciúla<br>• tástáil amháin a dhéanamh as gach ceann de na catagóirí seo a leanas:<br>- Tástálacha Roghnachais; Roghnachas Péireáilte; Rátáil Héadónach, Rátáil Gníomhaithe Bia, Rangú Roghnachais<br>- Tástálacha Difríochta; Tástáil Thriantánach, Comparáid Phéireáilte Shimplí agus Threoch, Beirt-Triúr<br>- Tástálacha Tuairisciúla; Rangú Tuairisciúil, Rátáil Thuairisciúil (Scála Líne nó Léaráid Réaltógach) | 1.31 tástáil anailíse céadfaí a dhéanamh chun táirgí agus miasa bia a bhreithmheas |
| • breathnuithe a thaifeadadh agus sláinteachas, cleachtas sábháilte freagrach agus oibiachtúlacht a chothú le linn tástála<br>• táblaí, cairteacha agus léaráidí iomchuí a úsáid le torthaí ó anailís chéadfach a eagrú, a anailísiú agus a chur i láthair | 1.32 sonraí ó anailís chéadfach a anailísiú agus a chur i láthair chun breithniú ar chaighdeán bia agus roghnachas tomhaltóra |
| **Nuálaíocht Bia agus Teicneolaíocht Bia**<br>• lena n-áirítear;<br>- cruthaitheacht<br>- taighde<br>- cur i bhfeidhm an eolais eolaíochta agus teicneolaíochta agus táirgí bia á bhforbairt<br>• mar a théann nuálaíocht bia agus teicneolaíocht bia i bhfeidhm ar infhaighteacht agus caighdeán bia agus sábháilteacht agus inbhuanaitheacht bia | 1.33 coincheapa na nuálaíochta bia agus na teicneolaíochta bia a phlé |

| | |
|---|---|
| • critéir lena n-áirítear;<br>- mar a dhéantar iad<br>- prionsabail eolaíochta bhunúsacha<br>- tionchar ar chaighdeán, ar shábháilteacht bia agus ar chothú | 1.34 modh traidisiúnta agus modh nuálach táirgthe bia a fhiosrú |
| • treochtaí atá ag teacht chun cinn san eolaíocht agus teicneolaíocht bia<br>• mar a théann dul chun cinn san eolaíocht agus teicneolaíocht bia i bhfeidhm ar<br>- costas<br>- infhaighteacht bia<br>- caighdeán<br>- tarraingt chéadfach<br>• mar a spreagann ionchais tomhaltóra an nuálaíocht i dtionscal an bhia | 1.35 imscrúdú a dhéanamh ar threocht atá ag teacht chun cinn san eolaíocht bia agus teicneolaíocht bia agus ar a tionchar ar tháirgí bia agus roghanna tomhaltóra |
| • mar a thacaíonn rannpháirtíocht i gcláir dhearbhaithe agus inbhuanaitheachta le muinín tomhaltóirí, inrianaitheacht táirgí, táirgeadh freagrach agus margaíocht táirgí bia de chuid na hÉireann | 1.36 ról na scéimeanna náisiúnta dearbhaithe cáilíochta agus inbhuanaitheachta, i dtaobh sábháilteacht, caighdeán agus inrianaitheacht bia a chinntiú, a aithint |
| • critéir lena n-áirítear:<br>- próifíl chothaitheach<br>- cáilíochtaí céadfacha<br>- modhanna próiseála agus úsáid na teicneolaíochta<br>- pacáistiú, lipéadú agus faisnéis do thomhaltóirí<br>- ceisteanna inbhuanaitheachta<br>- ailíniú le scéimeanna dearbhaithe cáilíochta agus cláir inbhuanaitheachta<br>- tarraingt tomhaltóra | 1.37 na critéir iomchuí a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar chaighdeán agus inbhuanaitheacht táirge bia |

# Snáithe 2: Bainistíocht Acmhainní Teaghlaigh

Tá an bainistiú acmhainní ar bhonn freagrach tábhachtach do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus don tsochaí le go mairfidh siad agus le go mbeidh rath orthu. Tríd an snáithe seo, pléann scoláirí le fadhbanna praiticiúla seasta atá dírithe ar an mbainistiú inbhuanaithe tí, ar an tomhaltas freagrach agus ar an gcinnteoireacht airgeadais.

Tríd an bhfoghlaim fheidhmeach, baineann scoláirí úsáid as cuir chuige réitigh struchtúrtha fadhbanna i bhfíor-chomhthéacsanna teaghlaigh agus forbraíonn siad a n-acmhainn chun cinntí eolasacha freagracha inbhuanaithe a dhéanamh. Cuidíonn an cur chuige seo le scoláirí foghlaim faoin mbainistiú acmhainní agus inniúlacht tomhaltóra agus athléimneacht airgeadais a fhorbairt agus, san am céanna, nasc a dhéanamh idir gníomhartha teaghlaigh agus córais shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil níos leithne.

Sa snáithe seo, tacaítear le scoláirí agus iad ag gníomhú mar thomhaltóirí freagracha machnamhacha a thuigeann an tionchar a bhíonn ag cinntí coitianta ar an inbhuanaitheacht agus ar chaighdeán na beatha do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus don tsochaí.

### Snáithe 2 Torthaí Foghlama

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí: |
|---|---|
| **An Geilleagar Ciorclach agus Tomhaltas sa Bhaile** | |
| • croí-phrionsabail agus croí-chleachtais de chuid an gheilleagair chiorclaigh – laghdaigh, athúsáid, deisigh, athchúrsáil, athsmaoinigh, athdhear – agus an ceangal atá acu le cinntí coitianta teaghlaigh. | 2.1 an geilleagar ciorclach agus an bhaint atá aige le bainistiú acmhainní teaghlaigh a mhíniú |
| • ról na freagrachta pearsanta agus comhroinnte maidir le laghdú ar dhramhaíl agus acmhainní a chaomhnú | 2.2 imscrúdú a dhéanamh ar na bealaí a dtéann an tomhaltas agus an ró-thomhaltas i bhfeidhm ar theaghlaigh agus ar an tsochaí i gcoitinne |
| | 2.3 prionsabail agus cleachtais de chuid an gheilleagair chiorclaigh a chur i bhfeidhm i ngnáth-chomhthéacsanna teaghlaigh |

| **Maireachtáil Inbhuanaithe agus Acmhainní Teaghlaigh** | |
|---|---|
| • cleachtais choitianta lena laghdaítear dramhaíl, lena ndéantar fuinneamh a choigilt agus uisce a chaomhnú | 2.4 cleachtais inbhuanaithe agus mar a fhéadann siad dul i bhfeidhm ar an gcinnteoireacht teaghlaigh a fhiosrú |
| • mar a théann tomhaltas fuinnimh, úsáid uisce agus giniúint dramhaíola sa bhaile i bhfeidhm ar an inbhuanaitheacht chomhshaoil agus airgeadais<br>• mar a fhéadann teaghlaigh sonraí agus uirlisí monatóireachta a úsáid le meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a gcuid cleachtas fuinnimh, uisce agus dramhaíola | 2.5 anailís a dhéanamh ar na bealaí a gcuireann bainistiú an fhuinnimh teaghlaigh agus an bainistiú uisce agus dramhaíola leis an maireachtáil inbhuanaithe |
| • teicneolaíochtaí tí a fheabhsaíonn an éifeachtúlacht agus a laghdaíonn tionchar comhshaoil, amhail;<br>- gléasanna atá tíosach ar fhuinneamh<br>- rialuithe cliste agus teicneolaíochtaí monatóireachta<br>- teicneolaíochtaí spárála uisce | 2.6 fiosrú ar na bealaí a bhféadann teicneolaíochtaí teaghlaigh an éifeachtúlacht sa bhaile a fheabhsú |
| • gnéithe sa bhaile a théann i bhfeidhm ar an éifeachtúlacht fuinnimh agus ar thionchar comhshaoil, amhail;<br>- insliú agus aeráil<br>- córais téimh agus soilsithe<br>- cinntí maidir le leagan amach agus dearadh foirgnimh<br>- suiteálacha fuinnimh in-athnuaite<br>• tacaíochtaí agus tionscnaimh, amhail;<br>- scéimeanna athchúrsála tí<br>- deontais fuinnimh<br>- tionscnaimh de chuid údaráis áitiúil<br>- deontais oiriúnaithe tí | 2.7 meastóireacht a dhéanamh ar na bealaí a dtéann gné amháin laistigh den bhaile i bhfeidhm ar an maireachtáil inbhuanaithe, lena n-áirítear an ról a bhíonn ag aon tacaíochtaí agus tionscnaimh atá ar fáil |

| **Éadaí agus Teicstílí Tí** | |
|---|---|
| • snáithíní teicstíle, lena n-áirítear;<br>- nádúrtha<br>- sintéiseach<br>- teicstílí cumaisc<br>• mar a théann an snáithín i bhfeidhm ar mharthanacht, compord, costas agus cothabháil | 2.8 na bealaí a dtéann cineál snáithín i bhfeidhm ar chinntí maidir le héadaí agus teicstílí tí a mhíniú |
| • tosca, lena n-áirítear;<br>- ceisteanna eacnamaíocha<br>- ceisteanna feidhmiúla<br>- ceisteanna timpeallachta<br>- tionchair shóisialta agus chultúrtha<br>• mar a théann faisean, treochtaí, stíleanna agus na meáin shóisialta i bhfeidhm ar chinntí maidir le héadaí agus teicstílí tí | 2.9 cur síos a dhéanamh ar na tosca a théann i bhfeidhm ar chinntí freagracha maidir le héadaí agus teicstílí tí |
| • scileanna praiticiúla deisithe agus cothabhála, amhail;<br>- athruithe simplí<br>- gnáthdheisiú éadaí agus fuáil innill in úsáid<br>- úsáid praiticiúil na n-inneall fuála tí<br>- *trealamh nua-aimseartha eile*<br>• mar a thacaíonn an deisiú leis an tseiftiúlacht agus an inbhuanaitheacht sa bhaile<br>• mar is féidir, leis an uaschúrsáil chruthaitheach, saolré éadaí agus teicstílí tí a shíneadh<br>• mar a thacaíonn acmhainní digiteacha agus ar líne leis an deisiú, an chothabháil agus an uaschúrsáil, amhail;<br>- ceachtanna ar na meáin shóisialta<br>- cartlanna patrún<br>- pobail déantóirí | 2.10 scileanna deisithe agus cothabhála a léiriú le haghaidh éadaí agus teicstílí tí<br><br>2.11 scileanna cruthaitheacha uaschúrsála a léiriú maidir le héadaí agus teicstílí tí |

| | |
|---|---|
| • mar a fhéadann prionsabail an gheilleagair chiorclaigh maidir le cinntí i dtaobh éadaí agus teicstílí tí dramhaíl a laghdú, saolré táirgí a shíneadh agus tacú le tomhaltas níos inbhuanaithe, amhail;<br>- malartuithe éadaí<br>- scéimeanna athchúrsála<br>- siopaí carthanais<br>- uaschúrsáil<br>- tionscnaimh deisithe phobail | 2.12 anailís a dhéanamh ar na bealaí a gcuireann cinntí maidir le héadaí agus teicstílí tí le tomhaltas níos inbhuanaithe |
| **Cumhachtú Tomhaltóra agus Cinnteoireacht** | |
| • foinsí náisiúnta agus reachtúla óna bhfaightear treoir do thomhaltóirí agus uirlisí comparáide, mar aon le foinsí tráchtála, digiteacha agus trí na meáin óna bhfaightear faisnéis do thomhaltóirí<br>• táscairí iontaofachta san fhaisnéis tomhaltóra, lena n-áirítear;<br>- cruinneas<br>- idirspleáchas<br>- trédhearcacht<br>- iontaofacht<br>- rannpháirteachas úsáideora<br>• ról na n-ardán digiteach agus na meán sóisialta maidir le rochtain ar fhaisnéis tomhaltóra, margaíocht táirgí agus comparáid a dhéanamh idir táirgí agus seirbhísí teaghlaigh | 2.13 scrúdú a dhéanamh ar fhoinsí faisnéise do thomhaltóirí chun treoir inchreidte iontaofa a shainaithint |
| • critéir chun comparáid a dhéanamh idir táirgí agus seirbhísí teaghlaigh, lena n-áirítear; costas, cáilíocht, oiriúnacht, inbhuanaitheacht, marthanacht agus tacaíocht iardhíola | 2.14 dhá tháirge nó seirbhís tí a chur i gcomparáid le chéile chun cinntí ceannaigh eolasacha, inbhuanaithe agus freagracha a dhéanamh |
| • mar is féidir le tomhaltóirí na straitéisí sin a aithint, a léirmhíniú agus freagairt dóibh agus cinntí ceannaigh á ndéanamh acu | 2.15 anailís a dhéanamh ar shampla amháin den tionchar a bhíonn ag straitéisí cur chun cinn, brandála agus síceolaíochta ar chinnteoireacht tomhaltóirí |

| | |
|---|---|
| • timpeallachtaí tomhaltóirí ar líne a dhearadh, amhail; algartaim, fógraíocht spriocdhírithe agus pearsantú, agus an tionchar a bhíonn acu sin ar iompraíocht tomhaltóirí | 2.16 iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a múnlaíonn ardáin dhigiteacha agus teicneolaíochtaí digiteacha iompraíocht tomhaltóirí agus cinntí ceannaigh |
| **Airgeadas Teaghlaigh a Bhainistiú**<br><br>• úsáid fhreagrach creidmheasa agus na rioscaí a bhaineann le ró-iasachtaíocht<br>• cinntí, amhail;<br>- cistí éigeandála a chothabháil<br>- gealltanais aisíocaíochta a bhainistiú<br>- ioncam teaghlaigh a chosaint | 2.17 meastóireacht a dhéanamh ar chinntí airgeadais teaghlaigh, lena n-áirítear roghanna creidmheasa, iasachtaíochta agus coigiltis, maidir lena dtionchar ar athléimneacht airgeadais ghearrthéarmach agus fhadtéarmach |
| • straitéisí chun tacú le hathléimneacht airgeadais teaghlaigh, lena n-áirítear;<br>- coigilteas le haghaidh riachtanais ghearrthéarmacha agus éigeandálaí gearrthéarmacha<br>- pleanáil fhreagrach iasachtaíochta agus aisíocaíochta<br>- ról an árachais chun cobhsaíocht teaghlaigh a chosaint<br>• an tionchar a bhíonn ag luachanna, tosaíochtaí agus tosca socheacnamaíocha ar chinntí airgeadais agus ar shlándáil fhadtéarmach<br>• tacaíochtaí agus uirlisí atá ar fáil do theaghlaigh a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu | 2.18 straitéisí a chur i bhfeidhm lena gcothaítear athléimneacht agus cobhsaíocht airgeadais do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus don tsochaí |

## Snáithe 3: An Teaghlach sa tSochaí

Agus aitheantas á thabhairt do theaghlaigh mar ghné bhunúsach den tsochaí, déantar scrúdú sa snáithe seo ar an gcaoi a múnlaíonn tosca sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíocha comhaimseartha eispéiris teaghlaigh agus ar an tionchar a bhíonn acu ar chaighdeán na beatha do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus don tsochaí. Tacaíonn sé le scoláirí eolas, scileanna, luachanna agus meonta a fhorbairt a theastaíonn chun dul i ngleic le saol nua-aimseartha an teaghlaigh, dul i ngleic go criticiúil le tacaíochtaí agus seirbhísí, agus freagairt d'ábhair imní teaghlaigh agus shóisialta atá ag teacht chun cinn ar bhealaí eolasacha agus freagracha.

Ar fud an tsnáithe seo, cuireann scoláirí cur chuige réitigh struchtúrtha fadhbanna i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna praiticiúla ilbhliantúla i gcomhthéacsanna coitianta an teaghlaigh, agus chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann a gcinntí agus a ngníomhartha le caighdeán na beatha do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus don tsochaí.

### Snáithe 3: Torthaí foghlama

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí: |
|---|---|
| **Teaghlaigh in Éirinn na linne seo** | |
| • struchtúir teaghlaigh, lena n-áirítear iad siúd a aithnítear i sonraí Phríomh-Oifig Staidrimh na hÉireann<br>• socruithe maireachtála agus comhdhéanamh teaghlach<br>• príomhthionchair lena múnlaítear struchtúir teaghlaigh agus socruithe maireachtála<br>• na himpleachtaí a bhaineann le struchtúir éagsúla teaghlaigh agus socruithe éagsúla maireachtála do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus don tsochaí | 3.1 struchtúir teaghlaigh agus socruithe maireachtála in Éirinn na linne seo a scrúdú |
| • róil agus freagrachtaí teaghlaigh, lena n-áirítear;<br>- cúram a thabhairt<br>- cinnteoireacht<br>- soláthar airgeadais<br>- tacaíocht mhothúchánach<br>- bainistíocht teaghlaigh | 3.2 róil agus freagrachtaí teaghlaigh in Éirinn na linne seo a mhíniú |

| | |
|---|---|
| • tosca a mbíonn tionchar acu ar róil agus freagrachtaí teaghlaigh, lena n-áirítear;<br>- cultúr<br>- fostaíocht<br>- aistrithe teaghlaigh<br>- inscne<br>- na meáin<br>- céimeanna den tsaolré<br>• an tionchar a bhíonn ag na tosca sin ar chinnteoireacht, ar bhainistiú ama agus ar rannpháirtíocht i saol an teaghlaigh<br>• mar a d'fhéadfadh róil agus freagrachtaí athrú i rith chéimeanna na saolré | 3.3 anailís a dhéanamh ar thosca a mbíonn tionchar acu ar róil agus ar fhreagrachtaí teaghlaigh |
| • tosca sóisialta agus eacnamaíocha, lena n-áirítear;<br>- brúnna eacnamaíocha<br>- athruithe cultúrtha<br>- róil inscne<br>- athruithe beartais<br>- imirce | 3.4 plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhforbraíonn róil agus freagrachtaí teaghlaigh mar fhreagairt ar thosca sóisialta agus eacnamaíocha |
| **Cultúr, Féiniúlacht agus Cuimsiú i Saol an Teaghlaigh** | |
| • samplaí den éagsúlacht chultúrtha a léirítear i dteaghlaigh agus i bpobail in Éirinn, lena n-áirítear;<br>- teangacha<br>- traidisiúin<br>- ceiliúradh<br>- creidimh agus luachanna<br>• an tionchar a bhíonn ag an bhféiniúlacht chultúrtha agus ag an oidhreacht chultúrtha ar róil teaghlaigh, ar chaidrimh agus ar rannpháirtíocht sa tsochaí<br>• mar a thacaíonn feasacht idirchultúrtha le cuimsiú, muintearas agus meas ar éagsúlacht i saol an teaghlaigh agus an phobail | 3.5 cur síos a dhéanamh ar an tionchar atá ag éagsúlacht chultúrtha agus féiniúlacht ar shaol an teaghlaigh in Éirinn sa lá atá inniu ann |

| | |
|---|---|
| • an tionchar a bhíonn ag an éagsúlacht chultúrtha ar chleachtais teaghlaigh, amhail;<br>- ullmhúchán bia<br>- éadaí agus teicstílí<br>- freagrachtaí cúraim<br>- ceiliúradh<br>• mar is féidir muintearas agus cuimsiú a chur chun cinn trí thraidisiúin agus cleachtais a oiriúnú agus iad ag maireachtáil i gcomhthéacsanna cultúrtha éagsúla | 3.6 iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag an éagsúlacht chultúrtha agus ag an bhféiniúlacht ar chleachtais teaghlaigh |
| **Pósadh, Comhpháirtíocht agus Comhchónaí in Éirinn** | |
| • príomhcheanglais, lena n-áirítear;<br>- aois<br>- toilleadh<br>- tréimhsí fógra<br>- próisis chlárúcháin<br>• cearta agus freagrachtaí gaolmhara, lena n-áirítear;<br>- cearta maoine<br>- freagrachtaí tuismitheoirí<br>- oidhreacht<br>- nósanna imeachta díscaoilte | 3.7 iniúchadh a dhéanamh ar phríomhcheanglais agus príomhfhreagrachtaí maidir le pósadh, páirtnéireacht shibhialta agus comhchónaí in Éirinn |
| • tosca, lena n-áirítear;<br>- cúinsí airgeadais<br>- traidisiúin<br>- reiligiún<br>- cultúr<br>- luachanna agus creidimh phearsanta<br>• an tionchar a bhíonn ag ionchais shóisialta agus ag stíleanna maireachtála athraitheacha ar roghanna comhpháirtíochta agus foirmithe teaghlaigh<br>• mar a léiríonn na tosca sin éagsúlacht agus luachanna sóisialta atá ag athrú in Éirinn sa lá atá inniu ann | 3.8 plé a dhéanamh ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar chinntí maidir le pósadh, páirtnéireacht shibhialta agus comhchónaí in Éirinn |

| | |
|---|---|
| **Teaghlaigh agus Caighdeán na Beatha** | |
| • tosca, lena n-áirítear<br>- sláinte<br>- tithíocht<br>- oideachas<br>- slándáil airgeadais<br>- cuimsiú sóisialta<br>- caidrimh teaghlaigh<br>- céimeanna agus aistrithe shaol an teaghlaigh<br>• an gaol idir na tosca seo agus caighdeán na beatha | 3.9 cur síos a dhéanamh ar na tosca a dhéanann difear do chaighdeán na beatha |
| • comhthéacsanna sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil:<br>- sóisialta, amhail; cuimsiú agus rannpháirtíocht<br>- eacnamaíoch, amhail; fostaíocht, ioncam<br>- comhshaoil, amhail; cáilíocht tithíochta, inbhuanaitheacht | 3.10 lionsaí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil a nascadh le tosca a dhéanann difear do chaighdeán na beatha do theaghlaigh<br><br>3.11 anailís a dhéanamh ar dhá thoisc a dhéanann difear do chaighdeán na beatha trí lionsaí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil a úsáid |
| **Cumarsáid i Saol an Teaghlaigh** | |
| • tosca ar féidir leo cumarsáid éifeachtach a fheabhsú nó a theorannú | 3.12 míniú a thabhairt ar an bhfáth a dtacaíonn cumarsáid éifeachtach le caidrimh theaghlaigh agus le caighdeán na beatha |
| • an úsáid a bhaineann teaghlaigh as cumarsáid dhigiteach agus teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú le caidrimh, eagrú agus nasc<br>• na deiseanna agus na dúshláin a thugann an teicneolaíocht do shaol an teaghlaigh<br>• mar is féidir le teaghlaigh folláine dhigiteach dhearfach agus úsáid fhreagrach teicneolaíochta a chur chun cinn sa bhaile | 3.13 meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag an gcumarsáid dhigiteach agus ag an teicneolaíocht dhigiteach ar chaidrimh teaghlaigh agus ar chaighdeán na beatha |

| | |
|---|---|
| **Tacaíochtaí do Theaghlaigh agus do Phobail** | |
| | 3.14 cur síos a dhéanamh ar thacaíochtaí reachtúla, deonacha agus pobail atá ar fáil do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus do phobail in Éirinn |
| • mar is féidir le tacaíochtaí reachtúla, deonacha agus pobail tionchar a imirt ar chaighdeán na beatha do dhaoine aonair agus do theaghlaigh<br>• tosca maidir le cén chaoi, lena n-áirítear;<br>- feasacht<br>- inrochtaineacht<br>- inacmhainneacht<br>- cumarsáid<br>tionchar a imirt ar an gcaoi a n-úsáideann teaghlaigh tacaíochtaí reachtúla, deonacha agus pobail sa ghnáthshaol | 3.15 ról na dtacaíochtaí reachtúla, deonacha agus pobail a fiosrú maidir le caighdeán na beatha a chur chun cinn |
| **Freagrachtaí Cúraim i gCaitheamh Chéimeanna na Saolré** | |
| • mar a athraíonn riachtanais agus freagrachtaí cúraim de réir mar a théann teaghlaigh trí chéimeanna den tsaolré | 3.16 cur síos a dhéanamh ar fhreagrachtaí cúraim teaghlaigh i gcaitheamh chéimeanna na saolré |
| • critéir lena n-áirítear;<br>- deiseanna agus dúshláin a chruthaítear leis an bhfreagracht chúraim<br>- an chothromaíocht idir cúram neamhfhoirmiúil agus cúram foirmiúil<br>- ról na dtacaíochtaí reachtúla, deonacha agus pobail<br>- na tacaíochtaí atá ar fáil agus an chaoi a gcuireann siad caighdeán na beatha chun cinn<br>- an tionchar a bhíonn ag cúram ar chaighdeán na beatha | 3.17 iniúchadh a dhéanamh ar fhreagrachtaí cúraim teaghlaigh le linn céim amháin den tsaolré agus ar an tionchar atá aige ar chaighdeán na beatha |

## Teagasc le haghaidh fhoghlaim na scoláirí

Tacaíonn Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta le raon leathan cur chuige foghlama agus teagaisc a úsáid a fhreagraíonn do láidreachtaí, riachtanais agus spéiseanna gach scoláire. Is éifeachtaí an fhoghlaim nuair a chomhtháthaíonn múinteoirí teoiric na hEacnamaíochta Baile d'aon ghnó le cur i bhfeidhm praiticiúil, rud a chuireann ar chumas scoláirí naisc a dhéanamh idir smaointe agus gníomhaíocht i gcomhthéacsanna tairbheacha coitianta a bhaineann le daoine aonair, le teaghlaigh agus leis an tsochaí. Bíonn scoláirí rannpháirteach go gníomhach i gcur chuige atá bunaithe ar fhoghlaim phraiticiúil trí idirghníomhaíochtaí praiticiúla leis na hacmhainní, na teicneolaíochtaí agus na comhthéacsanna a bhaineann le hEacnamaíocht Bhaile. Is féidir leis an rannpháirtíocht seo tarlú ar fud suíomhanna éagsúla, mar shampla an seomra ranga, sa bhaile, nó lasmuigh den scoil.

Is príomhchur chuige oideolaíoch san Eacnamaíocht Bhaile é réiteach struchtúrtha fadhbanna agus úsáidtear é chun tacú le scoláirí dul i ngleic go héifeachtach le fadhbanna praiticiúla seasta. Trí réiteach struchtúrtha fadhbanna, tacaítear le scoláirí iniúchadh, triail agus comhoibriú a dhéanamh agus taighde, pleanáil, cruthú agus machnamh á ndéanamh acu ar fhreagairtí féideartha ar dheiseanna agus ar fhadhbanna coitianta. Tá an próiseas atriallach agus oscailte, rud a chuireann ar chumas scoláirí a bhfreagraí a bheachtú le himeacht ama agus a aithint go bhféadfadh freagairtí éagsúla a bheith oiriúnach i gcomhthéacsanna éagsúla. Mar shampla, is féidir le mias a ullmhú, a chócaráil agus a mheas chun modhnú oideas d'aiste bia speisialta a iniúchadh eolas teoiriciúil a chomhcheangal le scileanna praiticiúla bia i gcomhthéacs feidhmeach. Éascaíonn múinteoirí an fhoghlaim seo trí thaispeántais, trí chleachtas tacaithe agus trí aiseolas foirmitheach, ag laghdú treorach de réir a chéile de réir mar a fhorbraíonn scoláirí muinín agus inniúlacht maidir le cuir chuige réitigh struchtúrtha fadhbanna agus scileanna praiticiúla a chur i bhfeidhm i gcásanna coitianta agus i gcásanna nach bhfuil siad chomh heolach céanna orthu. Trí fhreagairtí a chruthú, a thriail agus a bheachtú, forbraíonn scoláirí athléimneacht freisin de réir mar a fhoghlaimíonn siad ó dhíomá agus cuireann siad a gcur chuige in oiriúint chun fadhbanna a shárú.

Ceapadh an phleanáil don fhoghlaim agus don teagasc san Eacnamaíocht Bhaile chun tacú le scoláirí naisc a dhéanamh ar fud na gceithre shnáithe, trí dheiseanna a chruthú chun saincheisteanna a scrúdú trí níos mó ná lionsa comhthéacsúil amháin. Baineann múinteoirí leas as peirspictíochtaí trasdisciplíneacha chun tacú le scoláirí iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag tosca sóisialta, eacnamaíocha, cultúrtha agus comhshaoil ar chinntí

coitianta a bhaineann leis an mbaile. Mar shampla, d'fhéadfadh scoláirí machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a múnlaíonn faisnéis ó fhoinsí éagsúla, ó chleachtais teaghlaigh agus ó thionchair shóisialta níos leithne roghanna a bhaineann le bia, le húsáid acmhainní teaghlaigh nó le saol an teaghlaigh, rud a chumasaíonn naisc ar fud comhthéacsanna bia, bainistíochta acmhainní agus teaghlaigh. Trí rannpháirtíocht leis an bhfoghlaim ar an mbealach seo, cuireann scoláirí a dtuiscint i bhfeidhm i gcomhthéacsanna praiticiúla a léiríonn eispéiris choitianta.

Éascaíonn múinteoirí foghlaim fheidhmeach phraiticiúil trí dheiseanna a cheapadh do scoláirí gníomhaíochtaí praiticiúla a phleanáil, a eagrú agus a chur i gcrích i gcomhthéacsanna bia, bainistíochta acmhainní agus teaghlaigh. Áirítear leis sin tacú le scoláirí tascanna éagsúla a bhainistiú, trealamh a úsáid go héifeachtúil agus ar bhealach sábháilte agus freagrach, agus roghanna eolasacha agus inbhuanaithe a dhéanamh sa bhaile. Trí threoir agus aiseolas foirmitheach, tacaíonn múinteoirí le scoláirí torthaí a mheas agus a gcur chuige a bheachtú le himeacht ama, ag cur le neamhspleáchas agus le hinniúlacht.

Tá úsáid uirlisí digiteacha agus teicneolaíochtaí tí san Eacnamaíocht Bhaile dírithe ar an bhfoghlaim a fheabhsú ar bhealaí tairbheacha agus diongbháilte. Tacaíonn múinteoirí le scoláirí feidhmchláir dhigiteacha, uirlisí taighde agus na meáin a úsáid go machnamhach agus ar bhealach sábháilte agus freagrach, le feasacht ar thionchair níos leithne na teicneolaíochta ar dhaoine aonair, ar theaghlaigh agus ar an tsochaí. Oibríonn scoláirí freisin le trealamh cistine, teicneolaíochtaí teicstíle agus fearais tí chun a gcuid oibre a phleanáil, a chruthú agus a mheas, agus gníomhaíochtaí praiticiúla a chur i gcrích go héifeachtach agus go sábháilte.

San Eacnamaíocht Bhaile, cinntítear le foghlaim scafláilte, idirdhealú cuí agus cleachtais chuimsitheacha go bhforbraíonn gach scoláire muinín agus inniúlacht. Féadfaidh múinteoirí raon cur chuige a úsáid chun tacú leis an bhfoghlaim agus leis an rannpháirtíocht, agus aitheantas á thabhairt d'éagsúlacht eispéiris, láidreachtaí agus chumais na scoláirí. Deartar gníomhaíochtaí foghlama le pointí iontrála iomadúla, rud a chuireann ar chumas scoláirí dul i ngleic leis an tasc céanna nó leis an toradh foghlama céanna ar leibhéil éagsúla tacaíochta, chastachta nó neamhspleáchais. Tacaíonn tascanna comhoibríocha agus aiseolas foirmitheach leanúnach le rannpháirtíocht, le muinín a chothú agus le cur ar chumas scoláirí foghlaim óna chéile de réir mar a fhorbraíonn siad eolas, scileanna, luachanna agus meonta le himeacht ama.

Tacaítear le dul chun cinn san Eacnamaíocht Bhaile trí fhoghlaim scafláilte a laghdaíonn leibhéil tacaíochta de réir a chéile, rud a chuireann ar chumas scoláirí bogadh ó rannpháirtíocht threoraithe i dtreo níos mó neamhspleáchais le himeacht ama. Tugtar deiseanna do scoláirí a gcuid freagraí a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a mheas le neamhspleáchas méadaithe, agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann aiseolas bonn eolais faoi chinntí amach anseo.

## Measúnú

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Baintear úsáid as measúnú chun an tslí chuí a aimsiú do na scoláirí trí churaclam idirdhealaithe, chun sainréimsí láidreachta nó deacrachta scoláire áirithe a shainaithint agus chun gnóthachtáil a thástáil agus a theistiú. Is tacaíocht don fhoghlaim é an measúnú agus cuireann sé chun feabhais í trí chabhrú leis na scoláirí agus leis na múinteoirí na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint.

Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim na scoláirí agus soláthróidh siad faisnéis do na múinteoirí agus do na scoláirí atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora aonair. De thoradh tascanna atá cuí agus mealltach a leagan síos, ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phríomhinniúlachtaí na scoláirí agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

## Measúnú don teistiúchán

Tá an measúnú don teistiúcháin bunaithe ar an réasúnaíocht, ar chuspóirí agus ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo. Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa agus comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis ina mbeidh an Tasc Tuisceana ar Bhia agus Cleachtais Fheidhmigh. Beidh an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. Beidh an Tasc Tuisceana ar Bhia agus Cleachtais Fheidhmigh bunaithe ar threoir choiteann. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanfaidh gach comhpháirt a leagan amach agus a scrúdú.

Sa scrúdú scríofa, déanfar Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta a mheasúnú ag dhá leibhéal, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal (Tábla X). Éileoidh na ceisteanna scrúdaithe go léireoidh na scoláirí foghlaim atá cuí don leibhéal. Beidh idirdhealú le sonrú sa mheasúnú freisin tríd an ábhar spreagthach a úsáidtear, agus trí mhéid na tacaíochta struchtúrtha a thugtar do na scoláirí atá i mbun scrúduithe ag leibhéil dhifriúla.

*Tábla 2 Achoimre ar an measúnú don teistiúchán*

| Comhpháirt mheasúnaithe | Ualú | Leibhéal |
|---|---|---|
| An Tasc Tuisceana ar Bhia agus Cleachtais Fheidhmigh | 40% | Treoir Chomónta |

| | | |
|---|---|---|
| Scrúdú scríofa | 60% | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal |

## Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis[1]: An Tasc Tuisceana ar Bhia agus Cleachtais Fheidhmigh

Tugann Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (AAC) in Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta deis do scoláirí fianaise ar a gcuid foghlama a léiriú i ngach snáithe den tsonraíocht. Éilíonn an Tasc Tuisceana ar Bhia agus Cleachtais Fheidhmigh ar scoláirí cur chuige réitigh struchtúrtha fadhbanna a úsáid chun iniúchadh a dhéanamh ar fhadhb nó riachtanas praiticiúil seasta a bhaineann le bia agus sláinte agus chun freagairt chruthaitheach atá bunaithe ar fhianaise a fhorbairt. Cuireann an Tasc Tuisceana ar Bhia agus Cleachtais Fheidhmigh ar chumas na scoláirí fianaise a thaispeáint ar chinnteoireacht eolasach agus chruthaitheach, inniúlacht ina gcuid foghlama, rud a dhéanann neamhspleáchas agus muinín a mhéadú. Déanfar príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí maidir le smaointeoireacht agus réiteach fadhbanna, a bheith cruthaitheach, folláine a chothú, agus páirt a ghlacadh sa tsochaí, arna bhforbairt trí oibriú le torthaí foghlama ar fud na sonraíochta, a chur i bhfeidhm trí rannpháirtíocht an scoláire leis an tasc.

Eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC) treoir náisiúnta. Tabharfar breac-chuntas sa treoir ar an tasc agus déanfar an méid seo a leanas ann:

- comhthéacs a leagan síos a bhaineann le fadhb nó riachtanas praiticiúil seasta a bhaineann le bia;
- treoir a chur ar fáil do scoláirí maidir lena bhfreagairt a fhorbairt;
- deis a thabhairt do scoláirí fianaise ar a gcuid foghlama a léiriú i réimsí a bhaineann leis an treoir;
- cúrsaí a éascú do mhúinteoirí agus scoláirí chun an tasc a phleanáil.

Ceapfar an treoir chun cur ar chumas scoláirí scileanna praiticiúla bia a léiriú, agus a gcumas fadhbanna a réiteach agus cinntí a dhéanamh de réir mar a dhéanann siad a ndul chun cinn a iniúchadh, a phleanáil, a chruthú, a mheas agus a dhoiciméadú le linn dóibh a bheith ag plé leis an tasc. Déanfaidh an tasc measúnú go príomha ar thorthaí foghlama ón Snáithe Aontaitheach: Smaointeoireacht agus Cleachtas na hEacnamaíochta Baile agus Snáithe 1: Bia, Cothú agus Scileanna Praiticiúla Bia, agus béim ar leith á leagan ar réiteach struchtúrtha fadhbanna, ar thuiscint ar bhia agus ar chur i bhfeidhm scileanna praiticiúla bia. Bainfidh


[1] Tá sé beartaithe go dtógfaidh sé suas le 20 uair an chloig an Chomhpháirt Measúnaithe Fheidhmigh a chur i gcrích. Cuirfear tuilleadh sonraí ar fáil sna Treoirlínte chun tacú le Tasc Tuisceana ar Bhia agus Cleachtais Fheidhmigh na hArdteistiméireachta.

scoláirí leas as torthaí foghlama ábhartha ó Shnáithe 2: Bainistiú Acmhainní Teaghlaigh agus Snáithe 3: An Teaghlach sa tSochaí chun freagairtí cuimsitheacha fianaise-bhunaithe a fhorbairt.

Ba cheart an CMB seo a chomhtháthú sa phróiseas teagaisc agus foghlama, agus a chumas a uasmhéadú chun scoláirí a spreagadh agus a mhealladh, áit ar féidir le scoláirí dul i ngleic le fadhbanna agus riachtanais phraiticiúla sheasta, ag cur lena dtuiscint ar Eacnamaíocht Bhaile. Mar chuid dá rannpháirtíocht leis an treoir, glacann na scoláirí páirt i raon gníomhaíochtaí praiticiúla atá oiriúnach d'fhócas an taisc.

Tá an méid seo a leanas i gceist leis an Tasc Tuisceana ar Bhia agus Cleachtais Fheidhmigh:

- **Iniúchadh:** beidh ar scoláirí iniúchadh a dhéanamh ar fhadhb nó riachtanas praiticiúil seasta a bhaineann leis an mbia atá leagtha amach sa treoir. Áirítear leis sin comhthéacs na faidhbe nó an riachtanais a fhiosrú, agus an fhaisnéis ábhartha a bhailiú, a mheas agus taighde a dhéanamh uirthi ó thrialacha agus fiosrú praiticiúil atá bunaithe ar an mbia.  Mar chuid den iniúchadh, measfaidh scoláirí faisnéis ó fhoinsí tánaisteacha chomh maith chun cabhrú le bonn eolais a chur faoina bhfiosrú praiticiúil.
- **Pleanáil:** forbróidh scoláirí plean eolach agus cruthaitheach do fhreagra féideartha , ag déanamh cinntí faoi acmhainní, faisnéis ábhartha agus an réasúnaíocht atá lena gcur chuige roghnaithe.
- **Cumadh agus Cruthú:** beidh ar scoláirí réimse scileanna praiticiúla tuisceana ar bhia a léiriú nuair atá a bhfreagra á chumadh agus á chruthú acu. Bainfidh scoláirí leas as a gcuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta le neamhspleáchas agus inniúlacht atá ag forbairt i gcónaí.
- **Measúnú:** déanfaidh scoláirí meastóireacht ar éifeachtacht a bhfreagra i dtaobh na treorach trí mhachnamh a dhéanamh ar thorthaí, cinntí a rinneadh le linn an phróisis agus faisnéis a bailíodh.
- **Taifeadadh agus Cur i Láthair:** déanfaidh scoláirí fianaise a roghnú agus a chur i láthair le linn an taisc a léireoidh a gcuid rannpháirtíochta le gach céim den tasc, ag baint úsáid as formáidí atá cuí agus éifeachtach chun a bpróiseas agus a bhfreagra a chur in iúl.




*Figiúr 4 Forbhreathnú ar an bpróiseas chun tabhairt faoin gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis*

Nuair a chríochnófar an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis, cuirfidh scoláirí fianaise isteach ar a gcuid foghlama atá [2]le measúnú i bhformáid agus ar bhealach atá ainmnithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS). Déanfaidh CSS an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis a mharcáil.

Is féidir le taifeadadh na cinnteoireachta, na bpróiseas praiticiúil agus na dtorthaí a bheith san áireamh leis an bhfianaise ar fhoghlaim, ag léiriú rannpháirtíocht an scoláire leis an bpróiseas réitigh struchtúrtha fadhbanna.

## Tuairisceoirí cáilíochta don chomhpháirt mheasúnaithe sa bhreis

Baineann na tuairisceoirí thíos leis an bhfoghlaim a bhaineann na scoláirí amach sa Tasc Tuisceana ar Bhia agus Cleachtais Fheidhmigh. Déanann siad cur síos ar an bhfeidhmíocht ar fud na gcéimeanna de chur chuige réitigh struchtúrtha fadhbanna agus cur i bhfeidhm na scileanna praiticiúla bia.

*Tábla 3: Tuairisceoirí cáilíochta: An Tasc Tuisceana ar Bhia agus Cleachtais Fheidhmigh*

| | Scoláirí a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála | Scoláirí a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála | Scoláirí a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála |
|---|---|---|---|
| **Iniúchadh** | Gintear faisnéis ó réimse leathan foinsí cuí, agus déantar anailís agus meastóireacht uirthi, ag léiriú tuiscint shoiléir agus eolach ar an bhfadhb nó an riachtanas praiticiúil seasta atá leagtha amach sa treoir. Fiosraítear machnamh ábhartha agus cuí ar fhreagraí go mion. | Gintear faisnéis ó réimse foinsí cuí, agus déantar anailís agus meastóireacht uirthi, ag léiriú tuiscint eolach ar an bhfadhb nó an riachtanas praiticiúil seasta atá leagtha amach sa treoir. Fiosraítear machnamh ábhartha agus cuí ar fhreagraí go réasúnta. | Gintear faisnéis ó roinnt foinsí, agus déantar anailís agus meastóireacht uirthi, ag léiriú tuiscint bhunúsach agus ghinearálta ar an bhfadhb nó an riachtanas praiticiúil seasta atá leagtha amach sa treoir. Tá roinnt machnamh ábhartha agus cuí follasach ann ar fhreagraí. |

[2] Moltar fianaise ar fhoghlaim mar aighneacht ilmhódach struchtúrtha, a chuimsíonn aighneacht scríofa dhigiteach lena dtacaíonn fianaise dhigiteach ilmhódach (m.sh. grianghraif, táblaí, graif, srl.) agus aighneacht físe. Tá an aighneacht scríofa agus an físeán araon de dhíth chun taifead iomlán ar obair na scoláirí a chur ar fáil.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Pleanáil** | Forbraítear plean soiléir, dea-struchtúrtha agus cruthaitheach do fhreagra féideartha a théann i ngleic go hiomlán le gach gné den treoir. Tugtar údar maith le cinntí trí úsáid a bhaint as fianaise ábhartha, réasúnaíocht shoiléir agus meastar roghanna malartacha nuair is cuí. | Forbraítear plean inoibrithe do fhreagra féideartha a thugann aghaidh ar chuid mhaith de ghnéithe na treorach. Tugtar roinnt údair leis na cinntí, ag baint úsáid as fianaise agus réasúnaíocht leordhóthanach. | Forbraítear plean bunúsach do fhreagra féideartha a thugann aghaidh ar roinnt gnéithe den treoir. Tugtar údar le cinntí trí úsáid a bhaint as fianaise agus réasúnaíocht íosta. |
| **Cumadh agus Cruthú** | Ullmhaítear, cócaráiltear agus cuirtear freagra ar an treoir i láthair a léiríonn réimse leathan scileanna praiticiúla tuisceana ar bhia agus cumas iontu. Comhlíonann an freagra ceanglais na treorach go cuimsitheach agus tá sé oiriúnach do riachtanais an úsáideora bheartaithe, ag léiriú cinnteoireacht agus cruthaitheacht dea-mheasta trína chur i bhfeidhm éifeachtach. | Ullmhaítear, cócaráiltear agus cuirtear freagra ar an treoir i láthair a léiríonn réimse cuí scileanna praiticiúla tuisceana ar bhia agus cumas atá ag forbairt. Tugann an freagra aghaidh ar phríomhcheanglais na treorach agus tá sé oiriúnach do riachtanais an úsáideora bheartaithe go ginearálta, le fianaise ar chinnteoireacht agus cruthaitheacht éifeachtach i ngnéithe den obair. | Ullmhaítear, cócaráiltear agus cuirtear freagra ar an treoir i láthair a léiríonn réimse teoranta scileanna praiticiúla tuisceana ar bhia agus cumas teoranta iontu. Tugann an freagra aghaidh ar roinnt ceanglas sa treoir ach ní fhreastalaíonn sé go hiomlán ar riachtanais an úsáideora bheartaithe, le fianaise theoranta ar chinnteoireacht nó cruthaitheacht éifeachtach. |
| **Measúnú** | Meastar éifeachtacht an fhreagra trí mhachnamh criticiúil a bhfuil fianaise mar bhonn eolais faoi a dhéanamh ar thorthaí agus cinntí a rinneadh le linn an phróisis. Cuirtear ábhair mhachnaimh mheasta lena dtugtar údar maith ar fáil faoi láidreachtaí, teorainneacha agus réimsí a bhfuil feabhas le cur orthu. | Meastar éifeachtacht an fhreagra le roinnt machnaimh a bhfuil fianaise mar bhonn eolais faoi a dhéanamh ar thorthaí agus cinntí a rinneadh le linn an phróisis. Cuirtear ábhair mhachnaimh ar fáil faoi láidreachtaí, teorainneacha agus réimsí a bhfuil feabhas le cur orthu, le roinnt údair. | Meastar an freagra ar bhealach atá teoranta nó tuairisciúil go príomha. Déantar machnamh íosta ar thorthaí, cinntí agus fianaise, le aithint bhunúsach na láidreachtaí, na dteorainneacha nó na réimsí a bhfuil feabhas le cur orthu. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Taifeadadh agus Cur i Láthair** | Roghnaítear agus cuirtear fianaise shoiléir, ábhartha agus dhea-eagraithe i láthair a léiríonn rannpháirtíocht fhada le gach céim den tasc. Cuirtear cinntí, freagraí praiticiúla agus meastóireacht in iúl go soiléir, le léargas ar an bhfoghlaim agus ar an gcinnteoireacht. | Roghnaítear agus cuirtear fianaise ábhartha i láthair a léiríonn rannpháirtíocht le gach céim den tasc. Cuirtear cinntí, freagraí praiticiúla agus meastóireacht in iúl go soiléir, le leibhéal mionsonraithe cuí. | Roghnaítear agus cuirtear roinnt fianaise i láthair a léiríonn rannpháirtíocht le céimeanna an taisc, cé go bhféadfadh go mbeidh an fhianaise neamhsheasmhach nó neamhiomlán. Cuirtear cinntí, freagraí praiticiúla agus meastóireacht in iúl le sonraí teoranta. |

## Scrúdú scríofa

Beidh raon cineálacha ceisteanna sa scrúdú scríofa. Tá príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí (fíor 2) fite fuaite sna torthaí foghlama agus déanfar iad a mheasúnú i gcomhthéacs na dtorthaí foghlama. Cuimseofar rogha ceisteanna leis an scrúdpháipéar ina ndéanfar an méid seo a leanas a mheasúnú ag an leibhéal cuí:

- an fhoghlaim a ndéantar cur síos uirthi sna ceithre shnáithe staidéir.
- Cur i bhfeidhm na foghlama ar chásanna coitianta a bhaineann le daoine aonair, teaghlaigh agus an tsochaí.

Bainfear idirdhealú idir Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal amach trí éilimh chognaíocha na gceisteanna, struchtúr agus castacht na n-ábhar spreagtha, agus an cineál freagra atá de dhíth.

## Socruithe réasúnta

Éilíonn an tsonraíocht seo d'Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta go dtugann na scoláirí aghaidh ar chineál an ábhair ar bhonn leanúnach i rith an chúrsa. Tá scrúdú scríofa ar fiú 60% de na marcanna ar fad é agus comhpháirt bhreise ar fiú 40% í mar chuid den mheasúnú don teistiúchán in Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta. Sa chomhthéacs sin, tá scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe i bhfeidhm ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), scéim a ceapadh chun cuidiú le scoláirí a mbeadh deacracht acu an scrúdú a rochtain nó an méid atá ar eolas acu a chur in iúl do scrúdaitheoir mar gheall ar dheacracht fhisiciúil, amhairc, chéadfach, éisteachta nó foghlama. Cuidíonn an scéim seo leis na scoláirí sin an méid atá ar eolas acu agus an méid atá siad in ann a dhéanamh a léiriú gan cur isteach ar chaighdeán an mheasúnaithe. Dírítear sa scéim ar bhacainní ar rochtain a bhaint, agus an gá

atá leis an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta bunúsacha céanna a mheas a dhéantar a mheasúnú do gach scoláire eile, agus na caighdeáin chéanna gnóthachtála a chur i bhfeidhm agus atá i bhfeidhm maidir le gach scoláire eile. Déanann an Coimisiún gach iarracht le linn dó an scéim seo a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais mheasúnaithe aonair trí na socruithe seo.

Bíonn cúinsí ann inar féidir an riachtanas chun réimsí foghlama ar leith a thaispeáint, agus measúnú á dhéanamh ar na scoláirí le haghaidh teastasú, a tharscaoileadh nó a dhíolmhú, a fhad nach gcuirfidh sé sin isteach ar shláine iomlán an mheasúnaithe. Mar sin féin, ní féidir cuid de na réimsí foghlama i sonraíocht ábhair a tharscaoileadh toisc go bhfuil siad lárnach don tsonraíocht ábhair. In Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta, áirítear leis sin cur i bhfeidhm eolas an ábhair, scileanna, luachanna agus meonta trí rannpháirtíocht phraiticiúil, ag baint úsáid as cur chuige réitigh struchtúrtha fadhbanna chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb phraiticiúil sheasta a bhaineann leis an mbia.

Tá faisnéis níos mionsonraithe faoi scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe sna Scrúduithe Teastais, lena n-áirítear na socruithe atá ar fáil agus na cúinsí ina bhféadfaidís a bheith i bhfeidhm, ar fáil ó Roinn na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Sula gcinneann na scoláirí staidéar a dhéanamh ar Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta, i gcomhairle lena scoil agus lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, ba cheart dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo agus ar mhionsonraí na socruithe measúnaithe. Ba cheart dóibh machnamh a dhéanamh go cúramach, lena fháil amach an mbeidh siad in ann na torthaí foghlama a bhaint amach, nó an bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu a fhágann nach mbeidís in ann a léiriú go bhfuil na torthaí bainte amach acu, fiú tar éis na socruithe réasúnta a chur i bhfeidhm. Más rud é go gcreideann an scoil go mb'fhéidir nach mbeadh scoláire in ann páirt iomlán a ghlacadh sna socruithe measúnaithe don teistiúchán, tá sé riachtanach go ndéanann siad teagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

## Grádú na hArdteistiméireachta

Déanfar Eacnamaíocht Bhaile na hArdteistiméireachta a ghrádú le scála grádúcháin 8 bpointe. Is é Grád 1 an grád is airde; is é Grád 8 an grád is ísle. Tá marcanna céatadáin idir 100% agus 30% i gceist leis na seacht ngrád is airde (1-7). Tá na gráid roinnte ina raonta cothroma atá 10% ar leithead. Bronntar Grád 8 as marcanna céatadáin níos lú ná 30%. Déantar idirdhealú

idir gráid an Ardleibhéil agus gráid an Ghnáthleibhéil trí A nó G a chur roimh an ngrád faoi seach. Dá bhrí sin, tá A1–A8 i gceist ag an Ardleibhéal agus tá G1–G8 i gceist leis an nGnáthleibhéal.

*Tábla 4: Grádú na hArdteistiméireachta*

| Grád | Marcanna % |
|---|---|
| A1/G1 | 90 - 100 |
| A2/G2 | 80 < 90 |
| A3/G3 | 70 < 80 |
| A4/G4 | 60 < 70 |
| A5/G5 | 50 < 60 |
| A6/G6 | 40 < 50 |
| A7/G7 | 30 < 40 |
| A8/G8 | < 30 |

# Aguisíní

## Aguisín 1: Briathra Gnímh

| Briathar gnímh | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí: |
|---|---|
| Anailísigh | staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí |
| Cuir i bhfeidhm | faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú |
| Meas | nádúr, cumas, cáilíocht nó luach ruda a mheas, a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh |
| Léirthuiscint a bheith ag... do... | an bhrí, an luach nó an tábhacht atá le rud a aithint |
| Déan comparáid | cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd |
| Déan | gníomhaíocht a eagrú agus tabhairt fúithi |
| Taispeáin | rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil |
| Cuir síos | cuntas mionsonraithe a thabhairt ar phríomhphointí na topaice, ag baint úsáid as focail, léaráidí agus/nó íomhánna |
| Pléigh | athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, peirspictíochtaí, tosca nó hipitéisí, atá bunaithe ar fhianaise chuí |
| Measúnaigh (sonraí/faisnéis ) | sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil) | fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| Scrúdaigh | breathnú go grinn ar argóintí, sonraí, faisnéis agus/nó scéalta d'fhonn bunús, barúlacha, peirspictíochtaí, treochtaí agus/nó caidrimh a nochtadh |
| Mínigh | mionchuntas a thabhairt arna thacú le fáthanna nó cúiseanna |
| Fiosraigh | dlúthbhreathnú go córasach ar rud éigin; mionscrúdú nó fiosrú a dhéanamh |
| Iniúch | breathnú, staidéar nó scrúdú a dhéanamh go mion chun fíricí a chinntiú, agus teacht ar léargais agus/nó conclúidí nua |
| Tabhair breac-chuntas | na príomhphointí a thabhairt, gan ach na píosaí faisnéise riachtanacha a thabhairt |
| Ullmhaigh | rud a fháil faoi réir le haghaidh a úsáide nó chun é a chur i láthair |
| Cuir i láthair | smaoineamh a chur chun cinn nó a mholadh; fianaise a thabhairt nó a léiriú; rud a thaispeáint ionas gur féidir le daoine eile é a scrúdú |
| Aithin | Fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint |

| | |
|---|---|
| Machnaigh | machnamh meabhraitheach a dhéanamh ar ghníomhartha, taithí, luachanna agus léann d'fhonn léargais nua a fháil agus brí a bhaint astu |
| Ceangail | rud a shamhlú le rud eile agus cúiseanna a thabhairt |
| Sintéisigh | smaointe éagsúla a chur le chéile chun tuiscint nua nó tuiscint fheabhsaithe a chruthú |
| Úsáid | eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh |

## Aguisín 2: Gluais Phríomhthéarmaí na hEacnamaíochta Baile

*Tacaíonn an ghluais seo le comhthuiscint ar na príomhchoincheapa, na luachanna agus na próisis atá mar bhonn faoi fhoghlaim agus measúnú na hEacnamaíochta Bhaile.*

| **Téarmaí agus brí san Eacnamaíocht Bhaile** | |
|---|---|
| Prionsabail an gheilleagair chiorclaigh | Córas geilleagrach a bhfuil sé mar aidhm aige deireadh a chur le dramhaíl agus táirgí agus ábhair a choinneáil in úsáid trí athúsáid, deisiú, athchóiriú, athdhéanamh agus athchúrsáil, córas a chuirtear i bhfeidhm ar an mbia, ar theicstílí agus ar acmhainní tí san Eacnamaíocht Bhaile. |
| Tacaíochtaí pobail | Tacaíochtaí, seirbhísí, líonraí agus tionscnaimh atá ar fáil laistigh de phobal áitiúil a chuireann le chaighdeán na beatha do dhaoine aonair agus do theaghlaigh. Féadfar iad sin a chur ar fáil trí sheirbhísí reachtúla, eagraíochtaí deonacha, grúpaí pobail, nó líonraí neamhfhoirmiúla, agus áirítear leo cineálacha foirmiúla agus neamhfhoirmiúla tacaíochta a fhreagraíonn do riachtanais áitiúla. Is éiceachórais níos leithne iad de thacaíochtaí áitiúla, bídís foirmiúil nó neamhfhoirmiúil. |
| Tomhaltas agus ró-thomhaltas | Tagraíonn an tomhaltas d'úsáid earraí agus seirbhísí chun freastal ar riachtanais; tagraíonn an ró-thomhaltas d'úsáid iomarcach a théann thar a bhfuil riachtanach, a bhíonn ina chúis le hiarmhairtí sóisialta, eacnamaíocha nó comhshaoil diúltacha. |
| Tosca riosca cothaithe agus stíle maireachtála | Gnéithe d'iompraíocht ithe agus stíle maireachtála a d'fhéadfadh riosca na riochtaí sláinte ainsealacha a mhéadú, lena n-áirítear iontógáil ard siúcra, salainn nó saille sáithithe; iontógáil íseal snáithín; ró-thomhaltas bianna ard-dlúis fuinnimh nó ultraphróiseáilte; ithe neamhrialta; iontógáil easnamhach leachtanna; neamhghníomhaíocht fhisiciúil; agus úsáid drugaí. |
| Galair a bhaineann le haiste bia | Galair a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar aiste bia nach réitíonn le moltaí cothaithe forleathana, lena n-áirítear murtall, diaibéiteas, galar cardashoithíoch, oistéapóróis agus galar fiacla. |
| Nuálaíocht bia | Cruthú agus cur i bhfeidhm smaointe, táirgí, próiseas nó teicneolaíochtaí nua in earnáil an bhia, lena n-áirítear feabhas a chur ar tháirgí atá ann cheana agus cuir chuige atá inbhuanaithe nó arna spreagadh ag tomhaltóirí a ghlacadh. |

| | |
|---|---|
| Tuiscint ar bhia | An scafláil a chumasaíonn daoine aonair, teaghlaigh agus an tsochaí chun caighdeán na beatha a chosaint trí athrú aiste bia agus a thacaíonn le hathléimneacht chothaithe le himeacht aimsire. Cuimsítear ann an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta atá riachtanach chun bia a phleanáil, a bhainistiú, a roghnú, a ullmhú agus a ithe, agus tionchair shóisialta, chultúrtha agus chomhshaoil na roghanna sin á gcur san áireamh ag an am céanna |
| Sábháilteacht bia | Cleachtais agus dalaí a chosnaíonn bia ar éilliú agus ar dhochar le linn na pleanála, an ullmhúcháin, na cócarála, na stórála agus an chaomhnaithe, ag cinntiú go mbíonn an bia sábháilte le hithe agus ag tacú leis an tsláinte agus le caighdeán na beatha. |
| Teicneolaíocht bia | Cur i bhfeidhm na bprionsabal eolaíochta agus teicneolaíochta ar tháirgeadh, próiseáil, caomhnú, pacáistiú agus dáileadh an bhia chun sábháilteacht bia, cáilíocht, cothú agus inbhuanaitheacht a chinntiú. |
| Treoirlínte cothaithe atá bunaithe ar bhia | Comhairle a fhorbraítear ar bhonn náisiúnta chun moltaí praiticiúla atá ábhartha go cultúrtha a chur ar fáil faoi phatrúin itheacháin shláintiúla, ar minic go gcuirtear iad i láthair trí úsáid a bhaint as uirlisí físiúla amhail pirimidí bia nó plátaí bia. Baineann Éire úsáid as Pirimid an Bhia faoi láthair. |
| Táirgeadh bia nuálach | Modhanna chun bia a tháirgeadh, a ullmhú nó a chaomhnú a áiríonn próisis, teicneolaíochtaí nó córais atá nua nó atá ag teacht chun cinn, arna bhforbairt mar fhreagra ar riachtanais atá ag athrú amhail éifeachtúlacht, inbhuanaitheacht nó slándáil bhia. |
| Teicneolaíochtaí cistine | Uirlisí, trealamh agus córais dhigiteacha a úsáidtear in ullmhúchán bia, cócaráil, caomhnú agus meastóireacht chun tacú le cleachtas atá sábháilte, éifeachtúil agus inbhuanaithe. |
| Scileanna praiticiúla bia | Cur i bhfeidhm na dteicnící ullmhúcháin bia, cócarála agus pleanála a léiríonn tuiscint ar chothú, sábháilteacht bia, cruthaitheacht, cruinneas agus inbhuanaitheacht trí úsáid a bhaint as airíonna eolaíochta agus cinnteoireacht mhachnamhach. |
| Fadhbanna praiticiúla seasta | Imní a mhaireann ó ghlúin go glúin i measc teaghlach, go háitiúil agus go domhanda. Bíonn gníomh machnamhach, machnamh agus scileanna cinnteoireachta criticiúla de dhíth chun iad a réiteach. Athraíonn na fadhbanna seo le comhthéacsanna sóisialta atá ag athrú ach a leanann de bheith ábhartha go bunúsach do shaol an teaghlaigh agus do chaighdeán na beatha. I measc na samplaí tá; Bia agus Sláinte (Cothú)<br>➢ An Fhadhb Sheasta: Cén chaoi a gcuirimid aiste bia chothaitheach chothromaithe ar fáil don teaghlach?<br>➢ Sampla: Cinneadh a dhéanamh faoin gcaoi le béilí sláintiúla, inacmhainne a chur ar fáil do theaghlach fad atá bealach á dhéanamh agat trí ardú comhaimseartha na mbianna ultraphróiseáilte agus sceidil oibre-saoil atá i gcónaí níos gnóthaí. |

| | |
|---|---|
| | Inbhuanaitheacht (Bainistíocht Acmhainní)<br>➢ An Fhadhb Sheasta: Cén chaoi a mbainistímid acmhainní tí ar bhealach freagrach?<br>➢ Sampla: Roghanna tomhaltóra eiticiúla a dhéanamh maidir le héadaí agus teicstílí tí chun tionchar comhshaoil a laghdú, amhail dramhaíl 'mearfhaisin' fad atá buiséad teaghlaigh á choinneáil.<br><br>Cúram Teaghlaigh (Tacaíocht Idirghlúine)<br>➢ An Fhadhb Sheasta: Cén chaoi a dtugaimid aire do bhaill teaghlaigh atá leochaileach nó ag dul in aois?<br>➢ Sampla: Cothromaíocht a aimsiú idir cúram fisiciúil agus mothúchánach a thabhairt do ghaolta aosta agus éilimh an chúraim leanaí agus sábháilteacht dhigiteach na bpáistí sa bhaile. |
| Scéimeanna dearbhaithe cáilíochta | Cláir neamhspleácha nó cláir lena dtacaíonn an tionscal a dheimhníonn caighdeáin cháilíochta, sábháilteachta, inrianaitheachta nó inbhuanaitheachta i dtáirgí bia agus teicstílí ag tacú le muinín agus cinnteoireacht eolach na dtomhaltóirí. |
| Caighdeán na beatha | Tomhas cuimsitheach ar an bhfolláine phearsanta agus shóisialta a chuimsíonn an tsláinte fhisiciúil, an fholláine mhothúchánach agus mheabhrach, rochtain ar acmhainní, caidrimh thairbheacha, sásamh pearsanta, dálaí maireachtála sábháilte agus deiseanna rannpháirtíochta sa tsochaí. |
| Anailís chéadfach | Meastóireacht chórasach ar an mbia trí úsáid a bhaint as na céadfaí radhairc, bolaidh, blais, tadhaill agus éisteachta chun cáilíocht, rogha an tomhaltóra agus inghlacthacht a mheas. |
| Riachtanais chothaithe speisialta | Riachtanais nó roghanna cothaithe atá difriúil le moltaí cothaithe forleathana ar chúiseanna leighis (m.sh. galar céiliach, ailléirgí bia, éadulaingt) nó cúiseanna nach cúiseanna leighis iad (m.sh. cleachtais veigeatóracha, chultúrtha nó reiligiúnacha). |
| Tacaíochtaí reachtúla | Seirbhísí, íocaíochtaí nó scéimeanna arna gcistiú nó arna soláthar ag an Stát chun cuidiú le daoine aonair agus teaghlaigh chun freagrachtaí cúraim agus tí a chomhlíonadh, amhail teidlíochtaí saoire do thuismitheoirí, liúntas do chúramóirí, cúram leanaí poiblí agus seirbhísí cúraim pobail. |
| Réiteach struchtúrtha fadhbanna | Cur chuige córasach agus machnamhach a úsáidtear chun freagraí ar fhadhbanna seasta praiticiúla a aithint, a iniúchadh, a phleanáil, a chruthú agus a mheas. San Eacnamaíocht Bhaile, is éard atá i gceist le réiteach struchtúrtha fadhbanna ná faisnéis a bhailiú agus a mheas, scileanna praiticiúla a chur i bhfeidhm, cinntí eolasacha a dhéanamh agus machnamh a dhéanamh ar thorthaí chun cleachtas a bheachtú le himeacht aimsire. Tacaíonn an cur chuige seo le smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach agus is féidir é a chur i bhfeidhm trí chuir chuige amhail próiseas na treorach dearaidh nó samhlacha atriallacha eile atá bunaithe ar fhiosrúcháin. |

| | |
|---|---|
| Bainistíocht inbhuanaithe tí | Úsáid agus bainistíocht fhreagrach na n-acmhainní tí amhail fuinneamh, uisce, bia agus teicstílí chun dramhaíl a laghdú, éifeachtúlacht a chur chun cinn agus tacú leis an maireachtáil inbhuanaithe. |
| Táirgeadh bia traidisiúnta | Modhanna táirgthe, ullmhúcháin nó caomhnaithe bia atá bunaithe ar chleachtais sheanbhunaithe agus traidisiúin chultúrtha, ar minic go mbaineann siad úsáid as próiseáil agus teicnící íosta a forbraíodh le himeacht aimsire laistigh de chomhthéacsanna sóisialta agus comhshaoil ar leith. |
| Tacaíochtaí deonacha | Seirbhísí arna gcur ar fáil ag carthanais, eagraíochtaí neamhbhrabúis nó grúpaí pobail a chuidíonn le daoine aonair agus teaghlaigh chun freastal ar riachtanais choitianta nó freagrachtaí cúraim, lena n-áirítear comhairleoireacht, cúram faoisimh, soláthar bia agus tacaíocht tuismitheoireachta. |

